Tá na Ráitis Airgeadais faoi réir ag iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Rinneadh iniúchadh ar chuntais 2011 i mí Aibreáin 2012. De ghnáth, ní dhéantar iniúchadh ar Ráitis Airgeadais do bhliain ar leith i gcomhthráth le foilsiú na tuarascála bliantúla lena mbaineann. Nuair a bheidh siad faofa ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, foilsítear iad ar láithreán Gréasáin an Ombudsman do Leanaí, agus tá cuntais bhliantúla le haghaidh gach bliana suas go dtí 2011 ar fáil ag [www.oco.ie](http://www.oco.ie).

Chuir Cuntasóirí Cairte CrowleysDFK seirbhísí cuntasáíochta ar fáil don Oifig i rith 2012.

### Acmhainní Daonna

Tá líon faofa 15 ball foirne ag an Oifig. Is dúshlán leanúnach é úsáid a bhaint as an acmhainn lárnach seo chun freastal ar éilimh atá fós ag méadú bliain i ndiaidh bliana, maidir le toirt agus castacht. Don tréimh bliain i ndiaidh a chéile, is mian liom a thuairisciú go rabhthas ag brath barraíocht ar ár bpainéal Imscrúdaithe mar gheall ar líon agus chastacht na ngearán a fuarthas.

*Déantar athbhreithniú ar ról agus ar fheidhmeanna na foirne ar fad san Oifig ar bhonn leanúnach.*

## Teach na Mílaoise – Úsáid Áitribh

Chomh maith le ceardlanna oideachais ar chearta daonna a reáchtáil do ghrúpaí leanaí agus daoine óga ar cuirt, agus coibhéis thrialach do mhic léinn iarchéime, lean an tOmbudsman do Leanaí ar aghaidh leis na háiseanna i dTeach na Mílaoise a chur ar fáil mar ionad le haghaidh imeachtaí cuí a bhí dírithe ar chearta agus leasanna leanaí agus daoine óga.

Mar shampla, chuir Fóram Óige Ospidéal Náisiúnta na Leanaí, BeLoNG To, EPIC agus Comhpháirtíocht Thuaisceart Bhaile Átha Cliath comhairliúcháin ar siúl anseo le daoine óga. Bhain an FSS úsáid as an ionad roinnt ócáidí freisin.

## Oiliúint agus Forbairt Ghairmiúil

D'éirigh leis an Oifig, i gcomhar le Queen Margaret University, Dún Éideann, cúrsa an Teastais Ghairmiúil i gCleachtas Ombudsman agus Láimhseála Gearán a eagrú agus a reáchtáil. D'fhreastail oibríthe cásanna leithleacha Oifig an Ombudsman do Leanaí agus oifigigh ó roinnt Oifigí eile Ombudsman in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe ar an gcúrsa. Roinneadh na costais ar an gcúrsa i measc na n-oifigí freastail. Tar éis an chúrsa, fuair gach oibrí cásanna leithleacha in Oifig an Ombudsman do Leanaí Teastas Gairmiúil i gCleachtas Ombudsman agus Láimhseála Gearán.

## Seirbhísí Dlí

I gcomhréir le beartais na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'fhéach an Oifig le dul isteach i socrú seirbhísí comhroinnte i rith na bliana maidir le cur amach tairiscintí ar Sheirbhísí Dlí. Foilsíodh iarratas ar thairiscintí maidir le soláthar seirbhísí dlí i mí an Mheithimh 2012. Tar éis an phróisis seo, bunaíodh painéal gnólachtaí le seirbhísí dlí a sholáthar. Sholáthair Ronan Daly Jermyn seirbhísí dlí don Oifig le linn 2012.

## Na Meáin

Mar a bhí i mblianta roimhe seo, bhí suim shuntasach ag na meáin in obair na hOifige, chomh maith le clúdach forleathan di. Phléigh na meáin agus tráchtairí eile an tsaincheist um chearta leanaí i gcoitinne go forleathan i gcomhthéacs Reifreann na Leanaí i mí na Samhna 2012. Tá sé suimiúil go raibh na meáin drogallach agallaimh a dhéanamh faoin reifreann beartaithe mar gheall ar bhuarthaí dlí faoi chlúdach claonta, cé gur Oifigeach Neamhspleách an Stáit í an tOmbudsman do Leanaí ar a bhfuil freagracht reachtúil as cur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar chearta leanaí in Éirinn. Tháinig an cás seo aníos in ainneoin roinnt cruinnithe ardleibhéil roimh an bhfeachtas reifrinn inar míníodh go raibh an tOmbudsman do Leanaí saor le plé a dhéanamh ar an reifreann ach nach raibh ról ar bith aici in iarracht a dhéanamh ar thionchar a imirt ar na toghthóirí ar an dóigh ar cheart dóibh vótáil agus, dá bhrí sin, nach mbeadh baint acu le haon phlé painéil. Mar sin féin, fuair obair an Ombudsman do Leanaí i gcuid mhór réimsí an-chlúdach sna meáin sa tréimhse roimh an reifreann.

## Gnóthaí Poiblí

Tuairiscíonn an tOmbudsman do Leanaí go díreach don Oireachtas agus tá sainordú reachtúil aici comhairle a thabhairt d'Airí Rialtais ar dhlíthe agus ar bheartais a bhfuil tionchar acu ar leanaí. Bhí teagmháil shuntasach ag an Ombudsman do Leanaí leis an Rialtas, lena n-áirítear an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le foclaíocht an Bhille leis an mBunreacht a leasú. Gheall an tOmbudsman do Leanaí go bhfoilseofaí an Bille thuasluaite agus thug sí cuireadh do gach páirtí bualadh léi sular foilsíodh é.

De bhreis ar an oibleagáid reachtúil atá uirthi a tuarascáil bhliantúil a chur i láthair na dTithe gach bliain, fáiltíonn an tOmbudsman do Leanaí roimh aon deis le bualadh le comhaltaí den Oireachtas lena cuid oibre a phlé. In 2012, bhuaill an tOmbudsman do Leanaí agus baill dá foirne leis an gComhchoiste um Poist, Chosaint Shóisialta agus Oideachas i mí an Mhárta chun breac-chuntas a thabhairt ar obair Oifig an Ombudsman do Leanaí atá bainteach leis an gCoiste agus leis an gComhchoiste um Shláinte agus Leanaí i mí an Mheithimh chun an Bille um Thús Áite do Leanaí, 2012, a phlé.

## Láithreán Gréasáin

Tá láithreán Gréasáin na hOifige fós ina phríomhuirlis chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal. Le linn tréimhse ina raibh ár n-acmhainní daonna faoi bhrú, agus ár bhfoireann gearán go háirithe, bhí an láithreán Gréasáin ina mhodh ríthábhachtach le cuidiú le gearánaigh fhéideartha tuiscint conas agus cén uair is féidir linn cabhrú leo, leis an áis a thabhairt dóibh chun foirm ghearáin a chomhlánú ar líne agus bealach cost-éifeachtúil chun cumarsáid a dhéanamh ar mhórsála a chur ar fáil dóibh. Ina theannta sin, soláthraíonn sé bealach éifeachtúil a chinntíonn go bhfuil na cáipéisí beartais, na hábhair oideachais agus an taighde ar fad de chuid Oifig an Ombudsman do Leanaí ar fáil le híoslódáil agus a dhéanann cinnte go bhfuil imeachtaí agus gníomhaíochtaí atá ag teacht aníos inrochtana go réidh ar leathanach baile an láithreáin Ghréasáin.

## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2012

I mí na Nollag 2009, thug an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, éifeacht do Threoir 2006/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006, agus rinne sé 'Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht Úsáid Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009 (I.R. 542 de 2009)'. Ceanglaítear sna Rialacháin ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuarascáil a thabhairt go bliantúil, ó mhí Eanáir 2011, ar a n-úsáid fuinnimh agus bearta a rinneadh le hídiú a laghdú.

In 2012, d'úsáid Oifig an Ombudsman do Leanaí 88.197 MWh de leictreachas, i gcomparáid le 88.225 MWh in 2011.

## **Bearta a Rinneadh in 2011**

Lean seirbhísí corparáideacha ar aghaidh le cinntiú gur múchadh trealamh leictreach neamhriachtanach san oíche.

Ag teacht lenár n-iarrachtaí chun ídiú fuinnimh a laghdú, leanann an OCO ar aghaidh le córas athchúrsála inmheánach a oibriú.



# 3

## GEARÁIN AGUS IMSCRÚDUITHE

Is é an fheidhm ghearán agus imscrúdaithe croí-fheidhm agus feidhm ghnóthach na hOifige. Faoi Acht an Ombudsman do Leanaí 2002, is féidir leis an OCO imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin a dhéanann leanaí agus daoine óga, nó a dhéanann daoine fásta thar a gceann, faoi eagraíochtaí poiblí, scoileanna nó ospidéal. Is seirbhís saor in aisce, neamhspleách agus neamhchlaonta í.

### Forálacha ar Leith

Foráiltear in Acht 2002 d'oibriú na bhfeidhmeanna gearán agus imscrúduithe ag an Ombudsman do Leanaí. Sna forálacha reachtúla sin leagtar amach foras caighdeánach drochriaracháin maidir le hathbhreithniú ar ghearáin agus déanamh na n-imscrúduithe. Ós rud é go gcaithfidh an éifeacht ghnímh ar leanbh a bheith ina hábhar imscrúdaithe a rinne an tOmbudsman do Leanaí agus gur féidir le leanaí iad féin gearáin a thabhairt chuig an Oifig, leagtar amach san Acht raon forálacha reachtúla sonracha a chuireann leochaileacht ar leith leanaí san áireamh.

#### *1. Dualgas chun aird a thabhairt ar leas is fearr an linbh*

Foráiltear san Acht go mbeidh aird an Ombudsman do Leanaí ar leas is fearr an linbh agus a feidhmeanna gearán agus imscrúduithe á gcomhlíonadh .

#### *2. Dualgas chun aird a thabhairt ar mhianta an linbh*

Foráiltear san Acht go mbeidh aird chuí an Ombudsman do Leanaí i bhfeidhmiú a feidhmeanna gearán agus imscrúdaithe, nuair is infheidhmithe, ar mhianta an linbh, agus aois agus tuiscint an linbh á gcur san áireamh aici.

### Forbhreathnú

Leanann an t-eolas a fhaightear trí ghearáin a fháil, a scrúdú, agus a imscrúdú ag an Oifig le léargas luachmhar a chur ar fáil maidir le heispéiris na leanaí agus na dteaghlach agus iad ag déileáil le seirbhísí poiblí. Is meicníocht imscrúdaithe í freisin a bhfuil teacht níos fearr ag saoránaigh leochaileacha uirthi. Soláthraíonn an t-imscrúdú leantach ar láimhseáil gearán aiseolas ríthábhachtach feidhmíochta do na soláthraithe seirbhíse poiblí lena mbaineann.

Arís eile in 2012, leagann sé béim ar easpa feasachta ar an tionchar a imríonn cinnteoireacht riaracháin phoiblí ar shaol na leanaí agus a dteaghlach. Níor tugadh eolas don chinnteoireacht a chuaigh i gcion ar leanaí go díreach agus, corruair, go hindíreach leis an tionchar a bhí aici ar na leanaí i gceist, ná le prionsabail um chearta na leanaí ach oiread. Go sonrach, níor baineadh úsáid as na paraiméadair um leas is fearr an linbh agus um cheart an linbh go n-éistear leis nó léi chun cinnteoireacht riaracháin a threorú go dtí aon phointe suntasach, má baineadh úsáid astu ar chor ar bith.


Tá samplaí de chur chuige ró-mhaorlathach i gcuid mhaith cásanna. Tá cásanna inar chuir gairmithe sláinte in iúl i scríbhinn go raibh teiripe nó trealamh ag teastáil ó leanbh ach chuir próiseas oibriúcháin nach raibh ar mhaithe leis an leanbh cosc orthu. Ní féidir a sheachaint go bhfuil neamhláithreacht feasachta sa phróiseas cinnteoireachta ar cé chomh mear is a fhéadtar dochar a dhéanamh do leanaí trí oideachas a bhaint de leanaí, iad a scaradh ó thuismitheoirí agus easpa rochtana a bheith acu ar shiblí.

## Staitisticí


### Gearáin ar Déileáladh leo in 2012

I gcomparáid le blianta roimhe seo, coinníodh líon na ngearán a fuair an Oifig ag an leibhéal céanna in 2012, agus 1,465 gearán ar déileáladh leo le linn na bliana, arbh ionann é sin agus 1,371 gearán nua a fuarthas agus 94 a tugadh ar aghaidh ó 2011. Is ionann é sin agus laghdú 1.5% ar líon na ngearán a fuarthas i gcomparáid leis an mbliain roimhe, ach ciallaíonn sé go fóill go bhfuil an Oifig ag déileáil le méadú 17% ar an ualach oibre ón mbliain 2010.

### Fás Carnach




## Líon na nGearán ar Déileáladh Leo



Léiríonn an chart thíos an dáileadh earnála den iomlán de na 1,371 gearán nua a fuarthas:

## Catagóir Ghearán (Eanáir – Nollaig 2012)



Léirítear an méid seo a leanas i gcomparáid idir na catagóirí de ghearáin nua le haghaidh 2011 agus 2012:

- tháinig méadú ar an gcéatadán iomlán de ghearáin a bhaineann le cúrsaí Sláinte ó 32% go 39%
- tháinig méadú ar an gcéatadán iomlán de ghearáin a bhaineann le hearnáil an Cheartais ó 5% go 6%;
- I mbliana, táimid ábalta a thaispeáint go seasann Airgeadas agus Leas do 7% de na gearáin ar fad a fuaireamar.
- Is éard atá sa chatagóir 'Eile' ag 2% ná saincheisteanna ar nós saincheisteanna Sóisialta, Meán, Spóirt agus Áiseanna Pobail.

### Tuilleadh sonraí faoi chatagóirí

#### Oideachas

Léiríonn an tábla thíos na príomhchatagóirí géaran nua a fuarthas maidir le cúrsaí oideachais:

| <b>Gearáin oideachais 2012 (43% de na gearáin ar fad)</b> |
|---|
| Na 5 Fhochatagóirí is Mó                                  |
| Láimhseáil Líomhaintí maidir le hlompar Gairmiúil Míchuí  |
| Láimhseáil maidir le Bulaíocht Piaráí                     |
| Beartais, Scéimeanna agus Curaclam Oideachais             |
| Díbirt, Fionraí agus Clárú                                |
| Acmhainní Riachtanas Speisialta                           |

#### Sláinte

Léiríonn na táblaí thíos na fochatagóirí gearán nua a fuarthas maidir le cúrsaí sláinte. Tá Sláinte roinnte in dhá chatagóir; i) Sláinte agus ii) Cúram agus Cosaint Tacaíochta Teaghlaigh agus tá siad freagrach as iomlán comhcheangailte 39% de na gearáin ar fad a fuarthas in 2012. Tugann an chatagóir nua um Chúram agus Chosaint Tacaíochta Teaghlaigh an deis dúinn na saincheisteanna a bhíonn á dtabhairt chuig an Oifig mar ghearáin a shainaithint tuilleadh.

Mar Oifig, rinneamar cinneadh lántoiliúil ar na gearáin Sláinte (Ospidéal, Sláinte an Phobail, Meabhair-Shláinte agus Sláinte Phoiblí) a dhí-chomhbhailiú ó na gearáin Chosanta Teaghlaigh agus Leanaí. Léiríonn na figiúirí thíos go soiléir an tábhacht do leanaí a

bhaineann le bunú na Gníomhaireachta nua um Thacaíocht Leanaí agus Teaghlaigh ionas go bhféadfar an ghné chosanta agus leasa leanaí d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a scaradh ón tasc ollmhór atá bainteach leis an sainchúram foriomlán Sláinte.

#### **Gearáin faoi Chúram agus faoi Chosaint Tacaíochta Leanaí in 2012**

Na 5 Shaincheist is Mó (28% de na gearáin ar fad)

Cosaint Leanaí

Cúram Malartach

Tacaíocht do Theaghlaigh

Seirbhísí Oibre Sóisialta Eile

Eile

#### **Gearáin Sláinte in 2012**

Na 5 Shaincheist is Mó (11% de na gearáin ar fad)

Seirbhísí Cúram Pobail


Ospidéal

Seirbhís Sláinte – Eile

Seirbhís Meabhair-Shláinte

Seirbhísí Sláinte Poiblí

## Gearánaigh



Gach bliain, leanann tuismitheoirí de bheith ar na príomhthacadóirí do leanaí agus is iadsan a dhéanamh formhór na nGearán leis an Oifig.

## Saincheisteanna a thagann aníos trí ghearáin a scrúdaíodh

### Leanai faoi chúram a bhfuil rochtain á bhfáil acu ar Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanai agus d'Ógánaigh (CAMHS)

Chuir an Oifig roinnt imscrúduithe i gcrích inar tháinig an tsaincheist um sholáthar seirbhíse meabhairshláinte do leanai faoi chúram aníos. Go háirithe, d'aibhsigh sé saincheisteanna maidir le comhordú agus cumarsáid ar fud Seirbhísí do Leanai agus do Theaghlaiigh agus Seirbhísí Meabhairshláinte do Leanai agus d'Ógánaigh (CAMHS). Áirítear na nithe seo a leanas leis na buncheisteanna a tháinig aníos:

#### i) Inrochtaineacht do leanai sa dúiche/cheantar ina gcuirtear iad

In imscrúduithe a chuir an Oifig i gcrích, ní raibh na daoine óga ábalta rochtain a fháil ar sheirbhísí áitiúla CAMHS sa cheantar ina raibh cónaí orthu agus iad faoi Shainchúram agus faoi Chúram Altrama, toisc gur tháinig siad as áit lasmuigh den dobharcheantar nó nach raibh oibrí sóisialta leithdháilte sa cheantar acu (toisc nár aistríodh an cás cé gur athlonnigh an teaghlach altrama). Sa dá chás, atreoraíodh daoine óga chuig CAMHS sa cheantar as ar tháinig siad.

I gcás amháin, níor chuir an CAMHS as an gceantar bunaidh seirbhís ar fáil mar nach raibh cónaí ar an duine óg sa dúiche a thuilleadh. Mar gheall air sin, ní raibh an duine óg ábalta rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte i gceachtar de na ceantair. Fuair an duine óg rochtain ar sheirbhísí trí CAMHS eile ina dhiaidh sin. Ardaíonn an cás seo buarthaí faoi leibhéal na dtacaí ar féidir a bheith ag súil lena gcur ar fáil go réasúnach mar gheall ar an bhfad atá i gceist i rochtain a fháil ar na seirbhísí sin, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh an duine óg nó an CAMHS ag taisteal achair shuntasacha. De bhreis air sin, leagann sé béim ar na

neamhréireachtaí idir beartais i gcinn éagsúla de Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh ós rud é gur fhreastail an tríú seirbhís CAMHS ar an duine óg sa deireadh.

Tar éis don Oifig seo idirghabháil a dhéanamh, réitíodh an tsaincheist maidir le rochtain ar sheirbhísí sa cheantar cónaithe ina dhiaidh sin don duine óg sa chás go raibh an tsaincheist fós ann agus leasaíodh beartais an CAMHS áitiúil chun an méid sin a léiriú. Mhol an Oifig:

- gur cheart do leanaí faoi chúram seirbhísí meabhairshláinte a fháil sa dúiche ina bhfuil a socrúchán; agus
- gur cheart beartas náisiúnta CAMHS a fhorbairt maidir le soláthar na seirbhíse, le haird faoi leith ar chóireáil na leanaí faoi chúram, chun a chinntiú go nglactar le cur chuige comhsheasmhach i ngach ceantar.

## ii) Teagmháil agus Comhtháthú idir Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh agus CAMHS

Ardaíodh an comhtháthú measúnuithe agus moltaí CAMHS sa phróiseas Pleanála Cúraim freisin. Is féidir le measúnuithe CAMHS faisnéis ábhartha agus ríthábhachtach a chur ar fáil chun cabhrú leis an bpróiseas Pleanála Cúraim d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais mheabhairshláinte an linbh agus chun idirghabhálacha agus teiripí iomchuí a threorú chun cabhrú le deacrachtaí ar bith atá ag an leanbh.

In imscrúdú a cuireadh i gcrích in 2012, bhreathnaigh an Oifig go bhfuarthas measúnuithe síceolaíocha agus síciatracha ach ní dhearnadh na moltaí a tháinig astu a bhreithniú nó a chur san áireamh agus níor tugadh aghaidh orthu go hionchuí i bPlean Cúraim an duine óig.

Ina theannta sin, aibhsíodh gur easnamhach a bhí leorgacht na hathleanúna agus na cumarsáide ag CAMHS go díreach le leanaí, lena dtuismitheoirí nó le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh freisin.

Tá luath-idirghabháil agus soláthar cóireála agus teiripí iomchuí do leanaí a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu bunriachtanach d'fhonn géarú ar aon deacrachtaí a chosc. Leagadh béim ar an tsaincheist um sholáthar seirbhísí meabhairshláinte san Athbheithniú Neamhspleách ar Bhás Leanaí freisin.

Ag féachaint do bhunú na Gníomhaireachta um Sheirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh, a bheidh i bhfeidhm in 2013, agus don fhéidearthacht go leanfar ar aghaidh le CAMHS a sholáthar faoi choimirce an FSS, tá sé ríthábhachtach go n-oibríonn an dá ghníomhaireacht le chéile, sa phróiseas trasdula go sonrach. Tá oibriú idirghníomhaireachta éifeachtach agus comhsheasmhach ag teastáil chun a chinntiú go n-úsáidtear cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite maidir leis an soláthar seirbhísí meabhairshláinte do leanaí faoi chúram nó atá ag fáil seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh.

## Leanaí faoi chúram a bhfuil tithíocht ag teastáil uathu chun rochtain agus athaontú a éascú

I mbliana, fuair an Oifig roinnt gearán maidir leis an dóigh ar láimhseáil gníomhaireachtaí Stáit riachtanais tithíochta na dteaghlach a bhfuil leanaí faoi chúram acu. Rinne tuismitheoirí agus na leanaí iad féin gearáin gur cuireadh cosc ar leanaí faoi chúram corruair rochtain a

bheith acu ar a dteaghlach nó athmhuintearas a dhéanamh lena dteaghlach mar gheall ar thimpeallacht fhisiceach a dtuismitheoirí, fiú i gcás ina dtacaíonn FSS leis an rochtain nó leis an aontú sin. Nuair atá an timpeallacht fhisiceach curtha ar fáil go díreach (ag údarás áitiúil) nó fóirdheonaithe (trí liúntas cíosa) ag an Stát, níl sé soiléir conas atá gníomhaireachtaí ag obair le chéile lena ndualgais reachtúla faoi seach a chomhlíonadh agus le tacú le teaghlaigh.

Ardaíonn sé buarthaí ar leith toisc go bhféadfaí nach mbeadh rochtain ag na teaghlaigh ná na leanaí ar thacadóirí iomchuí. Thuairiscigh teaghlaigh freisin go raibh ceisteanna dlí i gceist le leanúint de ghearáin le gníomhaireachtaí nach raibh ina bpáirtithe díreacha in imeachtaí cúraim.

I gcás amháin, dhiúltaigh an t-údarás áitiúil cead a thabhairt do leanbh, a bhí i gcúram roimhe sin, cónaí lena mháthair mar go gcruthódh sé plódú in árasán údaráis áitiúil na máthar. Bhí cónaí ar an leanbh lena mháthair faoi ordú maoirsithe. I gcás eile, dhiúltaigh údarás áitiúil leanaí a chur le hiarratas a ngaoil ar thithíocht toisc nach raibh ‘coimeád’ ag an ngaol ach cuireadh na leanaí leis faoi ordú cúraim a cheadaigh an Chúirt. Ar na hócáidí seo agus ar ócáidí eile, bhí FSS, atá ar an ngníomhaireacht reachtúil a bhfuil freagracht uirthi as cúram agus cosaint leanaí, den tuairim go gcomhlíonfaí leas is fearr na leanaí trí na leanaí a athaontú lena dteaghlach faoi ordú maoirsithe nó trí rochtain thar oíche ar a dteaghlach a fhorbairt d’fhonn athaontú féideartha a cheadú.

I bhformhór na ngearán leis an Oifig seo, rinne oibrí sóisialta an FSS tathant díreach agus gníomhach le go gcomhlíonfadh gníomhaireachtaí eile Stáit riachtanais tithíochta an teaghlaigh. Mar sin féin, i gcás inar tionóntaí údaráis áitiúil iad na teaghlaigh sin, ní chuireann roinnt údarás áitiúil riachtanais tithíochta na leanaí faoi chúram san áireamh chun rochtain nó athaontú a éascú. I gcásanna áirithe, is cosúil go gcruthaíonn sé ciorcal lochtach nach gcuirtear leanaí san áireamh dá bhíthin i measúnú riachtanas tithíochta a dteaghlaigh go dtí go bhfuil siad leo iarbhair agus nach féidir leis an FSS oibriú le haghaidh iad a athaontú go dtí go bhfuil an timpeallacht fhisiceach iomchuí. Uaireanta, téann an tsaincheist chun donachta de dheasca na fírice go dtabharfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí liúntas cíosa de réir riachtanais tithíochta an teaghlaigh arna measúnú ag an údarás áitiúil (i.e. mura gcuirtear leanaí faoi chúram san áireamh i riachtanais tithíochta an teaghlaigh, ní dhéanfar aon íocaíocht ina leith). Tá ról ríthábhachtach le himirt ag údaráis áitiúla ó thaobh na timpeallachta fisic de, rud a bhfuil ról ríthábhachtach aige faoi seach i bhforbairt na nasc teaghlaigh a éascú.

Tar éis roinnt cásanna a fuair an Oifig seo a bhaineann le húdarás áitiúil ar leith amháin, scríobh an Oifig seo chuig an údarás sin chun a aird a tharraingt ar an tsaincheist seo agus chun fiafraí de faoina chleachtas ina leith seo. D’fhreagair an t-údarás áitiúil go ndéantar gach iarratas, ar na doiciméid riachtanacha a fháil, a phróiseáil de réir na scéime Leithdháiltí. Ina theannta sin, d’achomrigh an t-údarás áitiúil go bhféadfaidh an FSS iarratasóir/tionónta a tharchur chuig an gComhairle le go mbreithneofar a n-iarratas go suibhachtúil faoi fhoras leasa eisceachtúil nó le haghaidh treorach ina leith seo. Mar sin féin, mhínigh an t-údarás



áitiúil 'nach bhfuil aon seasamh dlíthiúil aige i gcúrsaí cosanta leanáí ach, ina ionad sin, tá an fheidhm seo dílsithe d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte'.

Tá an Oifig seo den tuairim go bhfuil oibleagáid ar gach gníomhaireacht Stáit sa dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta tacú leis an teaghlach, cé go bhfuil an fhreagracht as cosaint leanáí agus as leanáí faoi chúram dílsithe d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sna hAchtanna um Chúram Leanáí. Ina theannta sin, leagtar amach in Tús Áite do Leanáí: 'Níl na scileanna ná an t-eolas ná na hacmhainní go léir ag gairmí ar bith le déileáil go huileghabhálach le riachtanais aon cháis faoi leith. Ar an ábhar sin ní mór cur chuige comhordaithe a bheith ag na gairmithe agus ag na heagraíochtaí go léir atá ag déileáil le leanbh agus lena t(h)uismitheoirí nó lena c(h)úramóirí.' Sonraítear i gceann amháin d'eochairphrionsabail Tús Áite do Leanáí: 'ba cheart athaontú a bhreithniú i gcomhthéacs pleanála le haghaidh thodhchaí an linbh.'

Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil an FSS den tuairim go gcuireann timpeallacht an teaghlaigh iarrachtaí an FSS ar theaghlach a athaontú go féideartha ó rath agus nuair a chuireann comhlacht eile an Stáit an timpeallacht seo ar fáil, ba chosúil go mbeadh sé réasúnta gur cheart cur chuige comhoibríoch de chineál éigin a bheith ann idir gach gníomhaireacht Stáit lena mbaineann, lena n-áirítear údaráis áitiúla. Chabhródh sé le réiteach a chur ar fáil a bheadh ar leas is fearr an linbh faoi chúram agus a theaghlaigh/teaghlaigh. Tá costas daonna ar easpa comhair éifeachtúil idir gníomhaireachtaí Stáit

maidir le cailteanas deiseanna le teaghlaigh a athfhorbairt agus leis an tionchar ar an leanbh a leanann aisti. Chomh maith leis sin, tá costas eacnamaíoch don Stát ina iomláine ar athaontú teaghlaigh a mhoilliú, ar acmhainní oibre sóisialta a chaitheamh ar thathant do sheirbhísí poiblí nó leanbh a bheith faoi chúram in ionad tithíocht imleor a chur ar fáil don teaghlach.

Ba chosúil go mbeadh an cur chuige cur chuige comhoibríoch sin i gcomhréir leis an bhfeachtas reatha le haghaidh athchóiriú na seirbhíse poiblí a dhíríonn ar sheirbhísí a chur ar fáil atá níos comhtháite agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de.

### **Aistriú cásanna idir Oifigí Oibre Sóisialta an FSS**

Baineann saincheist bhreise ar leagadh béim uirthi trí obair imscrúduithe na hOifige leis an aistriú leanáí faoi chúram idir Oifigí Oibre Sóisialta an FSS i gceantair éagsúla ar fud na tíre. Sonraítear sa bheartas um aistriú cásanna gur cheart, i gcás ina mbogann leanáí faoi chúram altrama óna gceantar bunaidh de chuid an FSS, cásanna a aistriú chuig a seirbhís oibre sóisialta áitiúil 'a luaithe is féidir' agus gur cheart don cheantar bunaidh athbhreithniú reachtúil a eagrú laistigh de thrí mhí tar éis bhogadh an duine óig, agus beidh an ceantar bunaidh freagrach go fóill as athbhreithniú reachtúil agus as cuairteanna ar feadh tréimhse bliana ar a mhéad.

Aibhsíodh san fhaisnéis a fuarthas moilleanna suntasacha ar thosú an phróisis aistrithe i gcásanna áirithe a bhí cothrom le suas go dtí 4 bliana agus moilleanna freisin ar an gceantar Oibre Sóisialta glactha ag glacadh leis an aistriú. I gcás amháin, níor glacadh leis an aistriú mar gheall ar chonstaicí acmhainní agus d'aimsigh an Oifig go raibh liosta mór feithimh

d'íarratais aistrithe, cás atá ag leanúint ar aghaidh le 3 bliana anuas, agus níor glacadh ach le cásanna cosanta leanaí amháin. Ina theannta sin, ní raibh aon mheicníocht le haghaidh na hiarratais aistrithe a athbhreithniú agus a chur in ord tosaíochta.

I gcásanna nár aistríodh cásanna i gcomhréir leis an mBeartas Náisiúnta, bíonn leanaí fós spleách ar sheirbhísí oibre sóisialta atá i gcéin ó thaobh geografaíochta de, rud a imríonn tionchar ar leibhéal agus raon na tacaíochta agus na hidirghabhála ar fáil. Baineann inní thromchúiseach le héifeacht fhíor na moilleanna sin. I gcás amháin, thuairiscigh an teaghlach easpa teagmhála a bhí imleor ó thaobh minicíochta de leis an rannóg oibre sóisialta mar gheall ar an bhfad agus ar an taisteal a bhí i gceist agus easpa tacaíochta áitiúla chun cabhrú leo, rud a d'éirigh ní ba phráinní nuair a tháinig deacrachtaí aníos.

Mhol an Oifig gur cheart don FSS Náisiúnta a chinntiú go ndéanfar dul chun cinn ar chur chun feidhme iomlán agus comhsheasmhach an Bheartais um Aistriú Cásanna Oibre Sóisialta mar chúrsa tosaíochta.

### **Leanaí ar a bhfuil Tinneas Ainsealach agus/nó atá faoi Mhíchumais**

Fuair an Oifig roinnt gearán a bhaineann le tacaíocht cúram baile do leanaí ar a bhfuil tinnis thromchúiseacha nó atá faoi mhíchumais shuntasacha i gcás ina ndearnadh moladh gur cheart na leanaí a scaoileadh abhaile. D'ardaigh teaghlaigh buarthaí gur moillíodh na seirbhísí tacaíochta a bhí ag teastáil lena éascú mar gheall ar shaincheisteanna maoinithe atá le réiteach go fóill nó mar gheall ar dheacrachtaí maidir leis na tacaí riachtanacha a fhoinsiú agus a chur ar fáil. Ardaíodh tuilleadh buarthaí gur comhaontaíodh tacaíocht ach nár cuireadh chun feidhme í, chomh maith le buarthaí faoi leibhéal agus leorgacht na tacaíochta a cuireadh ar fáil.

Theastaigh raon tacaíochtaí ó na leanaí lena mbaineann, lena n-áirítear cúram altranais sa bhaile chun cabhrú lena riachtanais shuntasacha leighis agus iad sa bhaile, nó tacaíocht chúram baile chun cúnaimh a chur ar fáil de réir mhéid riachtanais an linbh.

D'ardaigh tuismitheoirí buarthaí gur tháinig na nithe seo a leanas as na deacrachtaí sin:

- A gcuid leanaí ag fanacht san ospidéal ar feadh tréimhsí níos faide ná is gá agus, dá bhrí sin, níl siad ábalta cónaí lena dteaghlach. Thuairiscigh teaghlach amháin moill 10 mí sula bhféadfadh a leanbh filleadh abhaile.
- An tionchar a imríonn tréimhsí sínte agus neamhriachtanacha san ospidéal ar a leanbh agus ar a fhorbairt/forbairt agus ar shaol teaghlaigh.
- Leanaí a d'fhill abhaile gan an leibhéal cúraim molta a fháil, nó a d'eispéirigh moilleanna ar an gcúram sin a fháil, rud a chruthaíonn an cumas atá ag socrúcháin bhaile briseadh anuas mar gheall ar neamhleorgacht na dtacaí baile agus atá mar chúis le fanacht breise san ospidéal.
- Dualgas ar thuismitheoirí féachaint go gníomhach le tabhairt faoi na saincheisteanna seo iad féin agus cúram a chur ar fáil do leanaí ar a bhfuil tinneas tromchúiseach.

De bhreis air sin, tá toradh iarmhartach ann, mar a thuairiscigh ospidéal amháin, trína bhféadann moilleanna ar leanaí a scaoileadh amach a bheith ina gcúis le moilleanna do leanaí eile atá a bhfuil rochtain á bhfáil acu ar chúram ospidéil.

Is ábhar imní tromchúiseach é gur féidir na moilleanna agus na deacrachtaí sin teacht aníos nuair a chomhaontaíonn na gairmithe leighis lena mbaineann go bhfuil sé ar leas is fearr an linbh fillleadh abhaile. Is cosúil gur imir roinnt deacrachtaí riaracháin tionchar ar an réimse. Go sonrach, is cosúil go bhfuil easpa maoinithe/buiséid shonraigh ar fáil le haghaidh pacáistí cúram baile do leanaí a bhfuil an cineál seo tacaíochta agus idirghabhála ag teastáil uathu. Cé go soláthraítear cúram, is trí ospidéalú a sholáthraítear é agus trí bhuiséid ospidéil agus gach réigiún den FSS a mhaoinítear é, nuair a d'fhéadfaí cúram ní ba shaoire agus ní b'oiriúnaí do riachtanais an linbh a bheith ar fáil dá dtacófaí leo sa bhaile lena theaghlach/teaghlach.

Baineann deacrachtaí eile leis an bhfáil ar chúram altranais sa bhaile ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear an neamh-infhaighteacht altráí a bhfuil an cháilíocht Phéidiatraiceach riachtanach acu nó altráí aonaid dianchúraim, agus altráí nach bhfuil ar fáil sa cheantar ar leith nó do na hamanna riachtanacha. Anuas air sin, i gcás amháin ina raibh an ghníomhaireacht altranais neamhábailta na huaireanta riachtanacha a chur ar fáil, cuireadh cosc ar an FSS iad a rochtain trí ghníomhaireacht eile mar gheall ar shrianta soláthair. Ardaíodh an fháil agus an mhoill ar an soláthar oiliúna riachtanaí do chúntóirí cúram baile freisin.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil trí ghearáin, is cosúil nach bhfuil aon chur chuige ná aon bheartas náisiúnta ag an FSS maidir le tacaíocht chúram baile do leanaí, agus cuirtear tacaíocht ar fáil bunaithe ar an bhfáil ar mhaoiniú áitiúil an FSS agus/nó ar sheirbhísí an FSS.

Chuir an Oifig seo béim ar an tsaincheist seo i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, go sonrach in 2010 maidir le moilleanna ar shocrúcháin ar aghaidh do leanaí agus do dhaoine óga agus trí chás-staidéar in 2011 freisin. Is ábhar imní é go leanann na cineálacha seo deacrachtaí ag tarlú agus cuireann sé an gá le cur chuige náisiúnta ag an FSS in iúl chun a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais na leanaí sin ar bhealach imleor agus iomchuí.

Tuigeann an Oifig go bhfuil an tsaincheist seo á breithniú ag an FSS faoi láthair, ag teacht as cásanna ar tarraingíodh a haird orthu trí na hospidéil.

## Costas an Drochriaracháin

Straitéis lárnach don Oifig seo ná a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Stát a dhualgas chun cearta bunúsacha gach linbh a chosaint ag am téarnaimh náisiúnta.

Agus é sin á dhéanamh againn, déanaimid iarracht a chinntiú go gcuireann an lucht déanta cinntí fíorthionchar aon ghníomhartha a d'fhéadfadh difear díreach nó indíreach a dhéanamh do leanaí san áireamh. Níl sé mar aidhm aige sin idirghabháil aontaobhach a dhéanamh ar chiorruithe buiséid nó seirbhísí a laghdú; ach féachann sé lena chinntiú gur cóir agus cothrom atá na gníomhartha agus na cinntí riaracháin a dhéantar ina dhiaidh sin.

Le linn 2012, bhí tuilleadh samplaí de ghníomhartha riaracháin agus de chinntí comhlachtaí poiblí a raibh na nithe seo a leanas mar thoradh orthu:

- Bhí tionchar níos mó agus níos díobhálaí acu ná mar a bhí beartaithe ag an lucht déanta cinntí
- Ba chosúil gur chaill siad an deis chun bheith níos éifeachtaí nó neodrach ó thaobh costais de
- Ba chosúil gur chaill siad an deis le haghaidh comhtháthú níos fearr a bheith ann idir comhlachtaí poiblí

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh gníomhartha na gcomhlachtaí poiblí ar aon dul lena gcuid treoirilínte nó prótacail féin sna samplaí atá tugtha thíos. Mar sin féin, nuair atá an éifeacht ar an leanbh agus an deis le haghaidh riarachán níos fearr a bheith ann a d'fhéadfadh a bheith cailte á gcur san áireamh, tá sé tábhachtach go dtarraingítear aird ar na gníomhartha sin.

## Pacáistí Cúram Baile

Rinne an Oifig imscrúdú ar roinnt cásanna a bhain le leanaí a raibh riachtanais thromchúiseacha leighis acu agus ar theastaigh pacáiste Cúram Baile uathu sula scaoilfí amach as an ospidéal iad le bheith lena dteaghlaigh.

Comhaontaítear na tairbhí a bhaineann le haire a thabhairt de leanaí sa bhaile go minic. Sa chás go raibh ar leanaí a bhféadfaí aire a thabhairt dóibh sa bhaile fanacht san ospidéal de bharr easnamh pacáistí cúram baile oiriúnacha, ní amháin go bhféadfadh sé sin cur isteach ar an leanbh ach cuireann sé strus ollmhór ar theaghlaigh, lena n-áirítear siblíní. Téann sé sin i bhfeidhm go mór ar acmhainní an teaghlaigh nuair a bhíonn leanbh san ospidéal, an costas mothúchánach san áireamh. Cuirtear brú breise a bhféadfaí é a sheachaint ar thimpeallacht an ospidéil ghéarmhíochaine chomh maith, agus dá bharr sin bíonn iarmhairtí tulchnagtha ar leanaí eile ar liostaí feithimh.

Cé gur léir go bhfuil cinntí cliniciúla le déanamh lena chinntiú go gcuirtear an cúram is fearr ar fáil do na leanaí lena mbaineann, i roinnt de na cásanna sin bhain bac suntasach ar leanaí a scaoileadh ón ospidéal le hinfhaighteacht maoiniúcháin le haghaidh pacáistí cúram baile nó altráí cáilithe ag a bhfuil taithí chun cuidiú leis an teaghlach agus is faoin FSS atá sé é sin a sholáthar.

Mar thoradh ar an easpa cur chuige náisiúnta maidir le pacáistí cúram baile do leanaí tinne chaith baill foirne a lán ama nach gá i seirbhísí géarmhíochaine ag iarraidh eagrú chun leanbh a chur abhaile le ceantair aonair an FSS. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le haire a thabhairt do leanbh i dtimpeallacht ghéarmhíochaine sa chás go bhféadfaí aire a thabhairt dóibh sa bhaile. Tá gá ann le cur chuige caighdeánaithe náisiúnta maidir le pacáistí cúram baile do leanaí tinne lena chinntiú nach ndéantar neamhaird de leasa is fearr an linbh agus an teaghlaigh.

### Oideachas agus cúram do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu

Tarraingíodh aird i ngearáin a fuarthas ar an tsaincheist seo a leanas maidir le háiteanna cúram leanaí.

Maoiníonn an Scéim um Chúram agus Oideachas Luath-Óige (ECCE) áiteanna i gcreiseanna le haghaidh na bliana réamhscoile, ach d'fhéadfadh an freastal a bheith ag brath ar thacaíochtaí eile, ar nós cúntóirí réamhscoile a bheith á gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí eile. D'fhéadfaí na cinní sin a dhéanamh ar bhonn lánroghnach agus a bheith éagsúil ó réigiún go réigiún.

Sa chás go bhfuil difríocht idir riachtanais an linbh agus an tacaíocht a chuireann gníomhaireachtaí eile ar fáil, d'fhéadfadh nach mbeidh an leanbh in ann freastal ar chúram luathóige agus leas a bhaint as. Ní hé amháin go gcailltear oideachas luathóige agus na buntáistí dearfacha a bhaineann leis sin, ach d'fhéadfadh sé ualach breise a chur ar theaghlaigh den sórt sin freisin. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh nach mbaintear leas as cúram leanaí (atá íoctha roimh ré ag an Stát trí ECCE).

Bhí cásanna freisin inar dhiúltaigh creiseanna do dhaltá a raibh riachtanais speisialta acu a chlárú ach amháin i gcásanna ina raibh tacaíochtaí den sórt sin faighte acu roimh ré. Baineann cásanna mar sin an bonn ó gach dea-rún atá taobh thiar den scéim.

### Cur in iúl cinní ag comhlachtaí poiblí

#### *Gontacht réasúnaíochta*

Is é a bhí i gceist de ghnáth le gearáin a fuair an Oifig seo ná eispéireas teaghlaigh nó tathantóra maidir le déileáil leis an gcomhlacht poiblí nó leis an scoil mar aon lena n-ábhar imní nó lena ngearán féin. Ní féidir an gá atá le dea-chumarsáid sna cásanna sin a rómheas.

Trí réamhscrúduithe, féachann an Oifig lena chinneadh cé acu is féidir nó nach féidir an cheist a réiteach ag leibhéal áitiúil agus cé acu atá nó nach bhfuil gá le tuilleadh imscrúdaithe. Chonaic an Oifig seo cinní réasúnacha agus cinní a raibh údar maith leo a bheith á míniú go hachomair do ghearánaigh i gcomhlachtaí poiblí agus i scoileanna araon. I dTuarascálacha Bliantúla roimhe seo, luaigh an Oifig seo

gur fadhbach, ó thaobh an ghearánaigh agus na scoile araon, a bhí Boird Bhainistíochta nár thug míniú leordhóthanach maidir leis an réasúnaíocht a bhí taobh thiar de chinntí agus nár mhínigh a gcuid tuairimí agus iad ag déileáil le gearáin. I gcásanna áirithe, níor léiríodh an leibhéal dian breithnithe a rinneadh ar shaincheisteanna ar bhealach soiléir ná

leordhóthanach ina gcuid cumarsáide – rud a chuir droch-chomaoin orthu féin.

Ina dhiaidh sin, caitheann gearánaigh méid suntasach ama agus fuinnimh agus iad ag lorg tuilleadh faisnéise ar chinntí a rinneadh agus ar conas is féidir leo teacht ar thacaíochtaí nó ar acmhainní den sórt sin sa todhchaí. Tá tionchar soiléir aige sin ar acmhainní an chomhlachta nó na scoile a bhfuil gearán á dhéanamh faoi/fúithi. Sampla de dea-riarachán is ea míniú soiléir a thabhairt ar cén fáth go ndearnadh cinneadh.

Dea-shamplaí de láimhseáil gearáin is ea cásanna ina n-aontaíonn scoileanna agus comhlachtaí poiblí ar bhealach cumarsáide oiriúnaí le gearánaigh i gcásanna ina bhfuil deacrachtaí. Nuair is infheidhme, leagann siad amach an dóigh a ndéileálfar le rannpháirtíochtaí tríú páirtí amhail an FSS nó an Garda Síochána freisin.

### *Cur in iúl saincheisteanna acmhainní*

In 2012, chonaiceamar go bhfuil tionchar níos mó ag srianta buiséid agus acmhainní ar an dóigh a bhfuil cinntí á míniú agus á gcur in iúl do bhaill an phobail.

Ba mhinic a cuireadh in iúl go hoscailte i litreacha inar diúltaíodh d’iarratais nó d’iarratais ar sheirbhísí go raibh deacrachtaí réigiúnacha nó náisiúnta, amhail lánchoisc agus moratóirí ar earcaíocht agus an geilleagar, ar an bpríomhchúis leis an diúltú.

Tá méadú ag teacht ar líon na gcásanna ina bhfuil tuismitheoirí agus daoine aonair á gcur i gcoimhlint dhíreach le soláthraithe seirbhíse agus le comhlachtaí poiblí maidir le hacmhainní.

Is í an teanga a úsáidtear maidir lenár staid reatha mar náisiún teanga a bhaineann le tréimhse athshlánaithe. In eispéireas na ngearánach, ní mhínítear na bearta eatramhacha atá á ndéanamh ag an gcomhlacht poiblí chun an tionchar díobhálach reatha a réiteach. Mholfadh an Oifig seo go bhfuil baill an phobail go hiomlán ar an eolas faoi na deacrachtaí atá roimh chomhlachtaí poiblí agus roimh sholáthraithe seirbhíse i gcoitinne. Rudáí atá níos tábhachtaí do thuismitheoirí agus don lucht tathanta is ea na bearta atá á ndéanamh chun cúrsaí a réiteach – ba cheart é sin a chur in iúl go rialta in idirghabháil duine le duine agus sna meáin níos leithne. Tá sé sin níos cothroime do na gearánaigh agus do chomhlachtaí poiblí araon.

### *Soiléireacht maidir le critéir a chur in iúl*

Sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh ag tuismitheoirí agus ag an lucht tathanta i gcomhair seirbhísí nó acmhainní do leanaí, agus nach n-éiríonn leis na hiarratais ar deireadh, táimid ag feiceáil nach ndéanann critéir atá drochscríofa agus débhríoch rud ar bith ach cur leis an bhfrustrachas atá ar ghearánaigh atá ag iarraidh ciall a bhaint as cinntí.

Sampla de sin is ea úsáid an fhrása “an scoil oiriúnach is gaire” ag an Roinn

Oideachais agus Scileanna i roinnt scéimeanna a oibríonn sí. Chonaiceamar roinnt malartáin fhada éagsúla idir tuismitheoirí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna a léiríonn an nádúr oibiachtúil agus suibhachtúil maidir leis an gciall atá leis an bhfocal oiriúnach, rud atá an-fhadhbach. Nuair a chuirtear “atá acmhainnithe nó is féidir a acmhainniú” leis an

bhfrása sin mar mheicníocht chun a chinneadh cén áit inar cheart do leanbh freastal ar scoil d'fhonn a bheith incháilithe i gcomhair iompair, deontas, deontais oideachais speisialta etc, cruthaíonn sé tuilleadh mearbhaill.

Mar gheall air sin, lorgaíonn tuismitheoirí tuarascálacha gairmiúla, tuairimí leighis nó tuairimí na scoile d'fhonn a gcuid tuairime féin a bhailíochtú i gcásanna ina mbraitheann siad gur cúrsaí airgeadais, seachas caighdeán doiléir a bhaint amach ar cad is ciall leis an bhfocal oiriúnach, iad an príomhúdar le cinntí. I bhformhór na ngearán a fuarthas, tharla sé go minic go raibh caighdeán na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an bhfocal oiriúnach i bhfad níos ísle ná caighdeán na dtuismitheoirí nó tuairim an lucht ghairmiúil. Tá an t-ualach breise sin ar tuismitheoirí go háirithe éagórach sa chás nach bhfuil acmhainní i bhfeidhm ag an scoil is gaire chun freastal ar riachtanais an linbh agus go n-aontaíonn an gearánach go bhfreastalófaí ar riachtanais an linbh ar bhealach níos fearr in áit eile.

Cé go bhfuil sí ábhartha, ní dhéanann an tsaincheist a bhaineann le rogha phearsanta a bheith ar an toisc chinntitheach i gcásanna den sórt sin laghdú ar an ngá atá le trédhearcacht agus le cothroime ar an mbealach a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna acmhainní ar fáil. Rinne an Oifig soiléireacht níos mó a mholadh don Roinn Oideachais agus Scileanna agus a iarraidh uaithi maidir le hoibriú scéimeanna den sórt sin ionas gur féidir le tuismitheoirí agus leis an lucht tathanta roghanna eolasacha oideachais a dhéanamh ar bhealach tráthúil chun laghdú a dhéanamh ar an tionchar díobhálach ar leanaí.

### **Fócas ar réiteach áitiúil**

In 2012, d'oibrigh an Oifig go crua chun scoileanna a spreagadh chun saincheisteanna a réiteach ag leibhéal áitiúil. Mar oifig Ombudsman, cuirtear an bhéim ar a chinntiú go raibh deis ag réiteach áitiúil aghaidh a thabhairt ar ghearáin chúil. Is uathúil atá an caidreamh idir an scoil, na tuismitheoirí agus na leanaí agus ní féidir áibhéil a dhéanamh ar an tairbhe a bhaineann le réiteach luath agus tráthúil.

Beidh taithí sa chur chuige sin ag scoileanna a raibh a gcuid gníomhartha ina n-ábhair ghearán a cuireadh in iúl don Oifig.

I gcásanna oiriúnacha, má aithnímid deacrachtaí a bhaineann le rochtain ar an nós imeachta gearán atá i bhfeidhm nó fadhbanna leis an nós imeachta gearán atá i bhfeidhm, déanfaimid teagmháil leis an scoil agus leis an ngearánach chun ár dtuairim a chur in iúl gur gá sásamh áitiúil a bheith ann. Is é a bheidh i gceist leis sin ná ár dtuairim a thabhairt faoi conas a d'fhéadfaí déileáil leis an ngearán ar bhealach níos fearr nó cur chuige eile a mholadh. Tá gach taobh ar an eolas nach cinneadh ar na gníomhartha a bhfuil gearán á dhéanamh ina leith é, ach tá sé ceaptha chun deis a thabhairt do pháirtithe an gearán a réiteach gan aon ghá le tuilleadh gníomhartha.

Glactar go maith leis an gcur chuige sin i bhformhór na gcásanna agus is maith ag daoine an rún atá taobh thiar den chur chuige. A bhuí leis an gcur chuige sin, réitíodh gearáin ag leibhéal áitiúil i 30 scoil in 2012.

## Foras Naomh Pádraig

Ó 1 Iúil 2012 tháinig Foras Naomh Pádraig laistigh de théarmaí tagartha imscrúdaithe Oifig an Ombudsman do Leanaí. Sna chéad sé mhí, fuair eamar iomlán de 4 ghearán, gach ceann dóibh ó thuismitheoirí nó ó thacadóirí na ndaoine óga.

Bhain téama coitianta le heaspa cumarsáide le thuismitheoirí nó tacadóirí maidir le teagmhais a d'fhéadfadh sé gur tharla siad do na daoine óga agus iad sa phríosún. As an líon beag gearán a fuarthas go dtí seo, tugann an téama ginearálta le fios nach bhfaigheann thuismitheoirí nó tacadóirí mórán de theagmháil ó údaráis an phríosúin agus go mbíonn sé deacair fós faisnéis a fháil. Is cosúil go mbíonn an próiseas um chuirteanna a eagrú deacair freisin agus is saincheist í cuairteanna teaghlaigh a tharraingt siar mar gheall ar smachtbhanna araíonachta, rud a cuireadh in iúl dúinn i dteagmháil le thuismitheoirí.

Fiú ag an gcéim luath seo, tá roinnt ábhar imní ann a leagann béim ar an ngá le deireadh a chur le príosúnacht leanaí i dtimpeallacht coimeáda a luaithe is féidir. Cuireadh in iúl dúinn inár dteagmháil leanúnach le príosúnaigh óga agus lena dteaghlaigh go bhfuil cultúr foréigin i rannóg na n-ógánach i bhForas Naomh Pádraig agus go dtarlaíonn ionsaithe agus gortuithe go minic. Tá an Oifig seo den tuairim fós go gcailltear deiseanna athshlánaithe a fhad is a bhíonn an cultúr seo i bhfeidhm.

Maidir le cumas Fhoras Naomh Pádraig imscrúduithe inmheánacha a dhéanamh, d'ardaigh an Oifig seo roinnt saincheisteanna go díreach le bainistíocht Fhoras Naomh Pádraig. I gcás amháin, chinn an Oifig seo go raibh an modh maidir le himscrúdú inmheánach amhrasach. Cuireadh an cas seo faoi bhráid an Bhreithimh Reilly, Cigire na bPríosún, agus bhain an cas leis an bhfoireann um imscrúdú seachtrach de chuid Sheirbhís Príosún na hÉireann.

Sa chás seo, thug an tOmbudsman do Leanaí nótaí tráchta ginearálta maidir le nósanna imeachta ag Foras Naomh Pádraig le haird a tharraingt orthu, lena n-áirítear:

- Cén fáth a bhfuiltear ag súil go ndéanann daoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois, a bhfuil drochlitearthacht acu, gearán scríofa
- Cén sórt cúnaimh, más ann dó, a chuirtear ar fáil do dhuine óg ar mian leo gearán a dhéanamh
- Sa chás d'ionsaí líomhnaithe, níor tharla freagra cosanta leanaí, de réir treoirlínte Tús Áite do Leanaí
- Sa chás seo, moltar sa tuarascáil inmheánach, in éagmais fianaise CCTV, nach féidir gearán d'ionsaí ag ball foirne in aghaidh duine óig faoi ocht mbliana déag d'aois a fhíorú agus, mar thoradh air sin, ní sheasfar le gníomh de bhall foirne lasmuigh den limistéar CCTV
- Ba chóir breithniú a dhéanamh ar thacaíocht do dhuine óg a rinne an gearán agus, mar aon le haiseolas, ba chóir go mbeadh monatóireacht sa chás d'aon iarmhairtí ag an ngearánach.



Leanann na coistí cuairte a sástacht le Foras Naomh Pádraig a thuairisciú, mar a bhí an cás le Tuarascálacha Chigire na bPríosún roimhe sin, roimh thuarascáil Bhreitheamh Reilly i Meitheamh 2012.

Cé gur gá dom an t-imní atá orm faoi dhaoine óga faoi choinneáil i bhForas Naomh Pádraig a athlua, creidim go bhfuil an réiteach ann i ndul chun cinn tionscadail Bhaile an Oibricigh. Ba mhaith liom tathant ar an Oireachtas aird a thabhairt ar an tsaincheist seo, mar go gcreidim go bhfuil ceist an aistrithe go Baile an Oibricigh anois faoi bhagairt.

## Cás-Obair agus Imscrúduithe

### FSS – Soláthar seirbhíse easpa dídine do leanaí agus do dhaoine óga

Le roinnt blianta anuas, thug an Oifig aird ar an tsaincheist seo a thagann as gearáin a rinne daoine óga a bhí gan dídean nó a bhí ag fáil rochtana ar sheirbhísí idirghabhála géarchéime agus ar sheirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre nó as gearáin a rinneadh thar ceann na ndaoine sin.

Toisc gur tharraing na cásanna aonair sin aird ar shaincheistanna de chineál córasach, chuir an Oifig tús le réamhscrúdú a dhéanamh, i gcomhar leis an FSS, ar na saincheistanna sin i mí an Mhárta 2011. I mí na Bealtaine 2011, chuir an Oifig in iúl don FSS go raibh sé beartaithe aici imscrúdú córasach a dhéanamh ar bhainistíocht agus ar rialachas an bheartais agus an chleachtais maidir le soláthar seirbhísí do leanaí gan dídean.

I bhfaisnéis a chuir an FSS ar fáil mar chuid den phróiseas seo, léiríodh roinnt treoracha agus céimeanna láithreacha beartais a raibh sé beartaithe aici dul chun cinn a dhéanamh orthu d'fhonn feabhas a chur ar na seirbhísí a chuireann sí ar fáil do leanaí gan dídean. Toisc go raibh na gníomhartha ar siúl, rinneadh cinneadh an

t-imscrúdú a choinneáil oscailte agus leanúint ar aghaidh le dul i dteagmháil leis an FSS ar an dul chun cinn a rinneadh sa réimse seo.

Lean an Oifig ar aghaidh le dul i dteagmháil leis an FSS le linn 2012 maidir leis an ábhar seo, agus thionóil sí cruinniú eile agus lorg sí faisnéis bhreise dhoiciméadach maidir leis na bearta a rinneadh – i measc na mbearta sin, bhí:

- Ceapadh Bainisteoir Náisiúnta um Easpa Dídine na hÓige i mí na Nollag 2010. Déanann sé cathaoirleacht ar an bhFóram Náisiúnta um Easpa Dídine na hÓige a stiúirann athbhreithniú ar chleachtas agus ar bheartas náisiúnta sa réimse seo.
- Rinneadh iniúchadh náisiúnta ar úsáid Alt 5 den Acht um Chúram Leanaí in 2011, agus forbraíodh treoir bheartais a tháinig i bhfeidhm in 2012. Áirítear na nithe seo a leanas leis an treoir bheartais sin treoir náisiúnta nua ar úsáid Leapa is Bricfeasta agus luaitear inti nach n-úsáidfear í i gcás leanaí agus daoine óga faoi bhun 18 mbliana d'aois.
- Rinneadh iniúchadh ar úsáid Lóistíní Tacaithe agus forbraíodh beartas in 2012.
- Beidh gach duine óg faoi réir measúnaithe chuimsithigh, mar gurb é sin an phríomhthoisic maidir le cinneadh a dhéanamh ar an soláthar atá oiriúnach do gach leanbh atá i láthair mar dhuine gan dídean d'fhonn a gcuid cúinsí agus an gá le tacaíochtaí a fháil amach.
- Tugadh beartas náisiúnta iarchúraim isteach agus bhí plean forfheidhmithe iarchúraim maidir le soláthar seirbhísí iarchúraim á fhorbairt.
- Tugadh aghaidh ar bhailiú feabhsaithe sonraí trí tháscairí nua feidhmíochta a tugadh isteach maidir le líon na leanaí a fhaigheann rochtain ar aonaid easpa dídine na hóige agus trí bhailiú sonraí sonracha ar úsáid Alt 5 trí thuaisceáin ráithiúla.

Ó chuir an Oifig seo tús leis an scrúdú agus mar gheall ar an imscrúdú atá beartaithe, rinne an FSS roinnt bearta tábhachtacha maidir le soláthar seirbhíse do dhaoine gan dídean. Ar an mbonn sin, rinneadh cinneadh chun deireadh a chur leis an imscrúdú a bhí beartaithe agus cuireadh roinnt moltaí faoi bhráid an FSS i mí Dheireadh Fómhair 2012, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

1. Níor cheart Alt 5 den Acht um Chúram Leanaí a úsáid ar feadh tréimhsí fada, agus ba cheart é sin a bheith léirithe sa bheartas náisiúnta.
2. Ba cheart do bheartas iarchúraim soláthar a dhéanamh do leanaí ar cuireadh cóiríocht ar fáil dóibh faoi Alt 5, go háirithe sna cásanna sin inar úsáideadh í ar feadh tréimhsí fada.
3. Mar gheall ar an ngá atá le comhsheasmhacht i ngach doiciméad ábhartha, níor cheart lóistíní tacaithe a chur san áireamh ach amháin i gcás leanaí atá 16 bliana d’aois nó níos sine.
4. Inrochtaineacht: Níl sé oiriúnach do leanaí gan dídean rochtain a fháil ar sheirbhísí trí Stáisiúin an Gharda Síochána agus ba cheart é sin a athbhreithniú mar ábhar práinne mar gheall go ndúirt daoine óga a ghlac páirt i gcomhairliúchán na hOifige seo “go raibh aiféaltas, náire nó imní orthu toisc go raibh orthu é sin a dhéanamh”. Rinne na daoine óga céanna sin moltaí maidir le bealaí eile a d’fhéadfaidís rochtain a fháil ar sheirbhísí, lena n-áirítear cur ar chumas leanaí teagmháil a dhéanamh le seirbhís oibre sóisialta trí uimhir Shaorghlao nó tacaíocht a thabhairt do leanaí chun dul díreach isteach i gcóiríocht éigeandála agus nascadh isteach le seirbhís oibre sóisialta ansin. Chuir an FSS in iúl go raibh roinnt athruithe ar an bpróiseas sin agus, dá bhrí sin, nach mbeadh ar atreoruithe nua rochtain a fháil ar chóiríocht do dhaoine gan dídean trí na Gardaí sa chás gur atreoraigh an tSeirbhís Idirghabhála Géarchéime iad.
5. Tabharfaidh an gá atá le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le leanaí faoi chúram a bheith ag fáil rochtana ar sholáthar seirbhíse do dhaoine gan dídean, lena n-áirítear athbhreithniú láithreach ar gach leanbh i staideanna den sórt sin agus úsáid bhailithe sonraí, eolas i gcomhair na straitéise um sholáthar cúraim mhalartaigh.
6. Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar rochtain ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean a urchosc nó a shrianadh agus ba cheart gach beart a dhéanamh chun a chinntiú go soláthraítear socrúcháin chuí agus tacaíochtaí cuí ar bhealach tráthúil.
7. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí do leanaí atá ag fáil rochtana ar sheirbhísí éigeandála/lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre ar fud na tíre.
8. Ba cheart maoirseacht agus monatóireacht náisiúnta a choimeád ar bun agus ba cheart dóibh leanúint le dul chun cinn a dhéanamh ar an réimse tábhachtach seo.

Chuala an Oifig, trína feidhm rannpháirtíochta agus oideachais, go díreach ó dhaoine óga a raibh taithí acu ar easpa dídine freisin – féach leathanach 47.

## Cás-Staidéir

Léiríonn na cás-staidéir sampla den obair a rinne an Oifig le linn na bliana.

## Tithíocht Údaráis Áitiúil

### Cás-Staidéar 1

#### *An gearán*

Rinne máthair teagmháil leis an Oifig maidir lena mac a bhí 17 mbliana d'aois agus a bhí faoi chúram an Stáit agus ar urscaoileadh a ordú cúraim i gCúirt faoi choinníoll Cúirte nach mór dó cónaí lena máthair ag a seoladh. Nuair a rinne an teaghlach an t-ordú sin ón gCúirt a leanúint, dhiúltaigh an tÚdarás Áitiúil do chead a thabhairt don leanbh chun cónaí lena máthair mar gheall ar phlódú.

Chónaigh an leanbh lena mháthair agus lena dheirfiúr beag beann ar an diúltú sin agus, mar gheall nach raibh a sheomra leapa féin aige agus gur chodail sé ar an urlár, d'fhorbair sé aimhréidh sláinte a raibh ga aici le cóireáil ospidéil.

#### *Scrúdú OCO*

Agus scrúdú á dhéanamh aici ar an gcás, cheistigh an Oifig cleachtas an Údaráis Áitiúil cead a iarraidh/a dhiúltú do leanbh chun cónaí lena t(h)uismitheoir is caomhnóir. Bhí sé soiléir freisin go raibh easpa idirchaidrimh idir an tÚdarás Áitiúil agus an FSS maidir leis an leanbh a bhí sa chóras cúram leanaí ar feadh roinnt blianta.

Chomh maith leis sin, tharraing an scrúdú aird ar an easpa coimeáda taifead lárnach agus ar an easpa comhroinnt faisnéise a bhí ann idir rannóga éagsúla an Údaráis Áitiúil. Bhí sé soiléir freisin, cé gur thug atur nae an linbh fógra don Údarás Áitiúil faoi choinníollacha an Ordaithe ón gCúirt, nár éascaigh an tÚdarás Áitiúil téarmaí an Ordaithe Cúirte beag beann air sin.

#### *Toradh*

Mar thoradh ar ár n-idirghabháil leis an Údarás Áitiúil, tugadh gealltanais nach raibh an méid a tharla sa chás seo mar bheartas ná mar chleachtas caighdeánach Údaráis Áitiúil. Dheimhnigh an tÚdarás Áitiúil go gcomhlíonfadh sé téarmaí na horduithe ón gCúirt nuair a thugtar fógra dó ina leith agus nár cheart do leanbh ar mhian leis/léi cónaí lena t(h) eaghlach iarratas a dhéanamh chun cónaí leo agus, dá bhrí sin, nár cheart diúltú dó cónaí leo ar fhorais phlódaithe nó ar fhorais ar bith eile. Ón bhfreagra a fuarthas ón Údarás Áitiúil, tá an Oifig sásta, mar sin, nach é beartas an Údaráis Áitiúil baic a chur ar an gceart atá ag leanbh chun saol teaghlaigh.

## Oideachas

### Cás-Staidéar 1

#### *An gearán*

Rinne dhá phéire tuismitheoir teagmháil ar leithligh leis an Oifig maidir leis an tsaincheist chéanna sa bhunscoil chéanna. Mar sin, cinneadh an dá ghearán a scrúdú le chéile.

Rinne an dá phéire tuismitheoir teagmháil leis an Oifig maidir le cleachtais i mbunscoil ár baineadh a gcuid leanaí uathu mar gheall ar an dóigh ar déileáladh lena gcuid oideachais. Diagnósíodh an bheirt leanaí le deacrachtaí foghlama agus iompraíochta agus bhí deacrachtaí mothúchána, amhail fadhbanna imní agus féinmhúine, ag leanbh amháin. Bhí imní ar leith ar an dá phéire tuismitheoir maidir leis an dóigh ar chosúil gur leagadh béim i dtuairisciú agus in aiseolas deireadh téarma agus seomra ranga ar ghnéithe diúltacha de dhul chun cinn oideachais na leanaí. Rinneadh an tuairisciú diúltach sin in ainneoin go raibh an scoil ar an eolas faoi riochtaí na leanaí trí thuairiscí Teiripeoir Saothair agus Síceolaí. Bhí na tuismitheoirí den tuairim freisin nach raibh na moltaí sna tuairiscí sin á gcur i bhfeidhm ar bhealach leordhóthanach.

#### *Scrúdú OCO*

Rinne an Oifig teagmháil leis an scoil mar chuid de réamhscrúdú ar na gearáin. Leag an Oifig béim ar an bhfíric go raibh an scrúdú ag féachaint ar bheartais fhoriomlána laistigh den scoil agus nár bhain sé le cleachtais aonair ná le cinní a rinne múinteoirí ar leith. Tharla sé go raibh an scoil sách réamhghníomhach maidir le pleananna oideachais a chruthú don bheirt leanaí agus maidir le moltaí na dtuairiscí a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, bhí na deacrachtaí ag teacht chun cinn nuair a bhí dul chun cinn oideachais na leanaí á thuairisciú i dtéarmaí diúltacha agus nuair a bhraith siad go rabhtas ag iarraidh orthu cos a choinneáil lena gcuid piaraí i réimsí áirithe inar thug a ndiagnóis le tuiscint go mbeadh deacrachtaí acu leo.

#### *Toradh*

Rinne an Oifig moltaí don scoil maidir leis an bhféidearthacht a bhaineann le teimpléid tuairiscithe a oiriúnú chun gnéithe a d'fhéadfadh a bheith bainteach le dul chun cinn na leanaí maidir le spriocanna a leagadh síos ina gcuid pleananna oideachais a chur san áireamh, in ionad iad a rátáil in aghaidh a gcuid piaraí.

Mhol an Oifig gur cheart do phleanáil agus do thuairisciú ar oideachas linbh a bhfuil deacrachtaí foghlama aige/aici a bheith chomh cuimsitheach agus is féidir, lena n-áirítear idirchaidreamh a dhéanamh le tuismitheoirí. Tharraing an Oifig aird ar an ngá atá le tuairisciú agus le haiseolas dearfach a thabhairt do leanaí freisin. D'fhreagair an scoil ar bhealach dearfach do na moltaí sin. Cé nár fhreastail an bheirt leanaí ar an scoil a thuilleadh, bhí an dá phéire tuismitheoir sásta leis an toradh sin, agus bhí siad sásta nach mbeadh ar leanaí sa todhchaí déileáil leis na deacrachtaí céanna a bhí ag a gcuid leanaí féin.

## Cás-Staidéar 2

### *An gearán*

Rinne tuismitheoir gearán faoi na deacrachtaí a bhí aici agus í ag iarraidh diagnóis nua a hiníne a bheith curtha san áireamh ina Plean Aonair Oideachais (IEP). Mhair an próiseas agus an rannpháirtíocht leis an mbunscoil níos mó ná sé mhí agus rinneadh an oiread sin difear don chaidreamh idir an tuismitheoir agus an scoil gur bhraith an tuismitheoir gur ghá a hiníon a bhaint ón scoil agus í a aistriú chuig bunscoil eile ar mhaithe lena cuid oideachais.

### *Scrúdú OCO*

Agus scrúdú á dhéanamh ar an ngearán seo, bhí sé soiléir go raibh tuairimí éagsúla ag Bord Bainistíochta na scoile agus ag an síceolaí oideachais ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) maidir le ról na scoile i bPleananna Aonair Oideachais a cheapadh do leanaí a bhfuil deacrachtaí áirithe foghlama acu.

Scríobh Síceolaí NEPS chuig an scoil chun comhairle a thabhairt di maidir lena ról. Ba chosúil go raibh an scoil den tuairim, agus gur chuir sí in iúl do na tuismitheoirí, gurbh é ról NEPS Plean Aonair Oideachais a chur i bhfeidhm agus spriocanna a leagan síos don leanbh. Shoiléirigh NEPS don scoil go bhféadfadh ról tacaíochta a bheith aici sa phróiseas seo, nuair a iarrtar uirthi, ach go bhfuil na ról sin de dhualgas ar an múinteoir ranga agus ar an Múinteoir Tacaíochta Foghlama go príomha agus gur cheart na ról sin a chomhlíonadh in éineacht le hionchur a fháil ó thuismitheoirí, agus ón síceolaí oideachais más gá, de réir Threoirlínte NCSE maidir le Próiseas an Phlean Aonair Oideachais a foilsíodh in 2006.

### *Toradh*

Mar thoradh ar idirghabháil na hOifige, d'aontaigh an Bord Bainistíochta gur thug sé freagra mícheart don ngearánach maidir le feidhm na scoile i bpróiseas ceaptha an Phlean Aonair Oideachais dá leanbh. Gheall an Bord go mbeadh baint ag na páirtithe ábhartha uile le ceapadh Pleananna Aonair Oideachais nuair is cuí amach anseo. Cé nár fhreastail an leanbh ar an scoil a thuilleadh agus cé nach rabhthas in ann an tsaincheist seo a shásamh go díreach, gheall an Bord go scríobhfadh sé chuig an ngearánach agus soiléiriú a thabhairt di maidir le haon fhaisnéis mhícheart a chuir sé in iúl di maidir le ról na scoile sa phróiseas.

### Cás-Staidéar 3

#### *An gearán*

Chuir na tuismitheoirí an gearán faoi bhráid na hOifige thar ceann a mic a bhí 17 mbliana d'aois. Diagnóisíodh é le míchumas foghlama agus le huathachas, agus bhí sé ag freastal ar Scoil Náisiúnta Speisialta. Bhí sé leis an scoil a fhágáil nuair a bhain sé 18 mbliana d'aois amach agus le haistriú chuig Seirbhís Lae do Dhaoine Fásta a bhí á reáchtáil ag an FSS. Ní raibh aon socrúchán ar fáil dó i Seirbhís do Dhaoine Fásta áfach. Cé gur chuir an scoil in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna go raibh sí in ann freastal air, agus ar na daltaí nua a bhí cláraithe, laistigh dá hacmhainní reatha, dhiúltaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna do chead a thabhairt dó fanacht sa scoil ar feadh bliana eile.

#### *Scrúdú OCO*

Rinne an Oifig idirghabháil chun a fháil amach cén fáth go raibh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag diúltú do chead a thabhairt dó fanacht sa scoil ar feadh blianaeile, mar nach raibh aon áit ar fáil dó i Seirbhís do Dhaoine Fásta agus mar go raibh an scoil sásta agus ábalta é a chlárú.

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna freagra inar chuir sí in iúl go ndearna sí athbhreithniú ar an gcás agus gur chuir sí na nithe seo a leanas san áireamh: (1) an iarracht a rinne an scoil chun aistriú chuig seirbhís do dhaoine fásta a éascú, (2) na deacrachtaí a bhí ann agus (3) an infhaighteacht socrúcháin i seirbhís do dhaoine fásta.

#### *Toradh*

Sa chás seo, thug sí cead don ghearánach fanacht ina scoil go dtí go bhfaighfí socrúchán dó i saoráid do dhaoine fásta. Gheall an Roinn Oideachais agus Scileanna go gcuirfeadh sí na tosca céanna san áireamh agus breithniú á dhéanamh aici ar iarratais amach anseo ó scoileanna i gcúinsí den chineál céanna chun daltaí atá os cionn 18 mbliana d'aois agus nach bhfuil áit acu i seirbhís do dhaoine fásta ar féidir leo aistriú chuici a choinneáil.

## Cás-Staidéar 4

### *An gearán*

Fuair an Oifig seo gearán ó mháthair a chuir imní in iúl gur dhiúltaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna d'iarratas a mhic ar Theagasc Baile. Diagnóisíodh an duine óg seo, a bhí 14 bliana d'aois, le neamhord annamh. Mar thoradh air sin, fulaingíonn sé taomanna diana titimis agus fadhbanna diana forbartha agus léiríonn sé saintréithe speictream an uathachais. Ina theannta sin, tá drochscileanna cumarsáide ag an duine óg agus teastaíonn a lán cúraim uaidh mar nach bhfuil sé oilte in úsáid an leithris. Chuir an tuismitheoir in iúl go bhfuil taomanna a mic

níos déine agus níos coitianta le blianta beaga anuas. Bhain na tuismitheoirí a mac óna scoil is déanaí mar gheall ar na deacrachtaí a bhí ag an scoil maidir le hiompar a mic mar thoradh ar a riocht. Nuair a rinneadh an gearán chuig an Oifig seo, ní raibh socrúchán oideachais ag an duine óg.

### *Scrúdú OCO*

Scríobh an Oifig chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna chun aird a tharraingt ar na hábhair imní a cuireadh in iúl agus chun tuiscint na Roinne a lorg maidir leis an ngearán seo. Sa chás seo, dhiúltaigh an Roinn Oideachais agus Scileanna don Deontas Teagaisc Bhaile faoin gcatagóir leighis toisc gur luadh sna critéir *'nach mór dó a bheith cláraithe agus ag freastal ar scoil faoi láthair chun a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh faoin gcatagóir seo'*. Mar sin féin, bhí an tuismitheoir den tuairim nach raibh sé oiriúnach dá mac freastal ar scoil toisc gur mheathlaigh a riocht agus toisc nach raibh timpeallacht scoile oiriúnach dó ag an am sin. Bhí comhfhreagras tacaíochta ó ghairmithe leighis inar tugadh tacaíocht d'iarratas an duine óig ar Theagasc Baile.

### *Toradh*

Mar thoradh ar idirghabháil na hOifige seo, chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna in iúl go ndearna sí athbhreithniú ar an tsaincheist a bhaineann leis na critéir cháilitheachta is infheidhme maidir le hiarratasóirí ar theagasc baile ar chúiseanna leighis. Más féidir le tuismitheoirí na leanaí is iarratasóirí an Roinn Oideachais agus Scileanna a shásamh go mbeadh an leanbh cláraithe i scoil aitheanta mura raibh riocht leighis orthu, ní bheidh sé riachtanach go bhfuil an leanbh sin ar rolla na scoile.

Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna teagmháil leis an tuismitheoir d'fhonn breithniú a dhéanamh ar aon iarratais eile ar theagasc baile faoi chatagóir leighis na scéime. Mar chuid de sin, chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna in iúl don Oifig seo go bhféadfadh sí breithniú a dhéanamh ar mhaoiniú cúlghabhálach a sholáthar le haghaidh teagasc baile faoin gcatagóir leighis.



## Cás-Staidéar 5

### *An gearán*

Chuir tuismitheoir inní in iúl thar ceann a linbh maidir leis an dóigh ar dhéileáil scoil le bulaíocht tuairiscithe. Bhí imeagla ar an duine óg roimh ghrúpa piaraí, rud as ar tháinig freastal neamhrialta ar scoil le linn bhliain a sé.

### *Scrúdú OCO*

Rinne an Oifig réamhscrúdú ar fhreagra na scoile ar na líomhaintí faoi bhulaíocht agus ar an dóigh ar déileáladh leis na gearáin a rinne an tuismitheoir ina dhiaidh sin. Le linn an phróisis scrúdaithe, bhí sé soiléir go bhféadfadh an cás seo tionchar diúltach a imirt ar chúrsa Ardteistiméireachta an duine óig seo. Tarraingíodh aird na scoile ar an tsaincheist sin freisin.

### *Toradh*

Ar an iomlán, bhí an Oifig sásta leis an dóigh ar dhéileáil an scoil leis an gceist seo. Thug an scoil freagra cuimsitheach, inar mionsonraíodh an t-imscrúdú láithreach ar na líomhaintí faoi bhulaíocht agus agallaimh leis na daltaí cuí. Thug múinteoirí tacaíochtaí, lena n-áirítear comhairleoireacht, do na daoine óga lena mbaineann agus rinne siad iarracht dul i ngleic leis an gcás trí chleachtais aisírocha a úsáid. Thaispeáin an scoil cur chuige réamhghníomhach chun bulaíocht a chomhrac sa scoil. Mar sin féin, rinne an Oifig moltaí i leith Bheartas Frithbhulaíochta na scoile chun soiléiriú a thabhairt maidir leis an nós imeachta a nglactar leis tar éis líomhna faoi bhulaíocht.

I gcás chúrsa Ardteistiméireachta an duine óig, d'aontaigh an scoil agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit, i gcomhaontú leis an teaghlach, ar shocruithe speisialta d'fhonn aon tionchar díobhálach a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú.

## Sláinte

### Cás-staidéar 1

#### *An gearán*

Rinne an duine óg, le cabhair a Chaomhnóra ad Litem, gearán leis an Oifig maidir le roinnt saincheistanna ar thug sé don FSS mar chuid de ghearán. Bhraith sé nach bhfuair sé freagra sásúil ón FSS maidir lena ghearán. Rinne sé gearán ina ndúirt sé go raibh a shocrúchán altrama éigeandála míchuí agus gur mhair sé níos faide ná mar a bhí beartaithe. Níor réitíodh ceistanna faoin dóigh ar caitheadh leis ag an socrúchán, agus bhraith sé go raibh moill ina phlean iarchúraim á eagrú agus á chur i bhfeidhm mar gheall ar an easpa dul chun cinn i dtaca le briseadh an tsocrúcháin seo, agus a ghearán ina dhiaidh sin.

#### *Iniúchadh OCO*

Bhí teagmháil leitheadach ag an Oifig le Gnóthaí Tomhaltóirí an FSS, chomh maith le Príomhoibrí Sóisialta Fhoireann na hOibre Sóisialta FSS lenar bhain. Ar iniúchadh a dhéanamh ar an gcás, fuair an Oifig go raibh imscrúdú inmheánach leanúnach an FSS ar siúl ar an socrúchán altrama sealadach a úsáideadh sa chás seo. Cuireadh in iúl go raibh tionchar aige seo ar an iniúchadh ar an ngearán a rinne an duine óg. Mar sin féin, tharla sé nár cuireadh é sin in iúl don duine óg agus go raibh sé den tuairim nar déileáladh go dáiríre lena chuid buarthaí.

Bhain ceist eile a tháinig chun solais in iniúchadh ar an ngearán seo leis an aistriú comhad idir foirne oibre sóisialta a bhíonn ag obair i gcontaetha éagsúla. Ba léir, ar feadh tréimhse suntasach nuair a bhí an duine óg faoi chúram altrama, go raibh a chás á bhainistiú ag foireann nach raibh ina fhoireann oibre sóisialta áitiúil.

Chuir an Oifig in iúl don FSS go bhféadfadh sé go mbeadh gá iniúchadh a dhéanamh ar an ngearán seo. D'fhreagair an FSS, áfach, le gealltanais áirithe á dtabhairt aige a raibh an duine óg sásta leo agus a shoiléirigh cleachtais sa todhchaí laistigh den FSS. Bhuail an Príomh-Oibrí Sóisialta leis an duine óg agus tugadh míniú dó ar ghnéithe éagsúla a cháis agus gabhadh leithscéal leis maidir le haon chleachtais faoinar cheap sé nach raibh an FSS dáiríre faoina chuid buarthaí bunaidh.

#### *Toradh*

Mar thoradh air seo, níor lean an Oifig ar aghaidh le hiniúchadh agus rinne sí moltaí ar thug Oifig an Stiúirthóra Naisiúnta, FSS, freagra dearfach orthu. Rinneadh gealltanais chun feabhas a chur ar láimhseáil gearán maidir le daoine óga faoi chúram agus eisíodh treoirilínthe beartais. Glacadh leis nár chóir socrúcháin éigeandála a úsáid níos faide ná mar is gá agus níor chóir iad a úsáid in ionad pleanáil chúraim chuí. Cuireadh in iúl don Oifig freisin go bhfuil an cheist maidir le haistriú comhad faoi athbhreithniú agus go mbeadh tionchar ag na deacrachtaí ar leagadh béim orthu ar an bpróiseas athbhreithnithe.

## Cás-staidéar 2

### *An gearán*

Chuir máthair gearán isteach chuig an Oifig thar ceann a mic. Ag am an ghearán bhí sé 10 mbliana d'aois. Mar thoradh ar dheacrachtaí dromlaigh, ní mór dó cathaoir rothaí a úsáid. Mhol a fhisiteiripeoir dó gur chóir dó fráma seasaimh a úsáid gach lá lena shláinte agus lena neart a choimeád, agus go sonrach chun dlús cnámh, díleá agus draenáil a lamhnáin agus a phutóige a choimeád. Mar sin féin, briseadh a fhráma in Eanáir 2012 agus, in ainneoin gur iarr a mháthair agus an fisiteiripeoir ar an FSS é a dheisiú, ní raibh sé deisithe fós 10 mí ina dhiaidh sin.

### *Iniúchadh*

Mar chuid den iniúchadh ar an ngearán, scríobh an Oifig chuig an FSS le fáil amach cad a bhí taobh thiar den mhoill agus le hiarraidh orthu é a dheisiú a luaithe is féidir.

D'fhreagair an FSS le míniú gur tharla an moill fhada leis an bhfráma seasaimh a dheisiú toisc gur cailleadh an t-iarratas. Dhearbhaigh an FSS don Oifig go raibh athbhreithniú á dhéanamh acu ar a gcuid córas feithimh reatha chun a chinntiú nach dtarlódh an botún/cailleadh arís agus chun feabhas a chur ar a cuid éifeachtúlachta.

### *Toradh*

Deisíodh an fráma seasaimh dhá sheachtain tar éis don Oifig scríobh chuig an FSS.

## Cás-staidéar 3

### *An gearán*

Fuarthas gearán ó mháthair faoina leanbh. Moladh i Measúnú Riachtanas FSS gur chóir Teiripe Shaothair (TS) a chur ar fáil laistigh den speisialtacht de Sheirbhísí Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS). Ach, ní raibh aon Teiripeoir Saothair mar chuid d'fhoireann an CAMHS i limistéar geografach an linbh. Cé go ndearna an teaghlach iarracht an tacaíocht seo a chur ar fáil don leanbh go príobháideach, ní raibh sé seo inmharthana coinneáil leis ó thaobh airgeadais de. Sheas Oifigeach Gearán gearán thar ceann an linbh seo i ndáil leis an moill TS a sholáthar don leanbh. D'ainneoin an chinnidh seo ag Oifigeach na nGearán, níor tugadh aon tseirbhís don leanbh.

### *Iniúchadh*

Mar chuid den iniúchadh ar an ngearán, dhírigh an Oifig ar an gcumarsáid leis an teaghlach faoin moill TS a sholáthar don leanbh, chomh maith le réiteach a lorg don leanbh agus do leanaí eile a éilíonn an tseirbhís seo sa limistéar geografach céanna.

### *Toradh*

Tar éis an phróisis scrúdaithe, gheall an FSS dhá phost Teiripeoir Saothair a bheith aige mar chuid d'fhoireann an CAMHS sa limistéar ar leith geografach. Agus aird ar an éifeacht dhíobhálach líomhnaithe ar an leanbh de thairbhe nár cuireadh seirbhísí TS ar fáil, d'aontaigh an FSS tacaíochtaí eatramhacha teiripeacha a sholáthar don leanbh le linn don phróiseas earcaíochta a bheith ar siúl. Ina theannta sin, spreag an Oifig an FSS dul i dteagmháil go gníomhach le tuismitheoirí i ndáil le tacaíochtaí malairte i gcás nach bhfuil an tseirbhís (na seirbhísí) molta ag an FSS dá leanbh mar chuid den phróiseas Measúnaithe Riachtanas ar fáil ina limistéar.

### *Cás-staidéar 4*

#### *An gearán*

Chuaigh cailín 19 mbliana d'aois a bhíodh faoi chúram an FSS i dteagmháil leis an Oifig, agus a bhí, tráth a gearáin, ag fáil tacaíochtaí iarchúraim ón FSS. Bhain a gearán le hathrú molta ar a socrúchán. Mhínigh an duine óg go raibh sí sa 5ú bliain sa mheánscoil, tar éis di tréimhse shuntasach scoile a chailleadh mar gheall ar shaincheisteanna a bhain lena sláinte mheabhrach agus lena dea-bhail.

Mhínigh an duine óg gur aistrigh sí isteach ina socrúchán reatha i Nollaig 2009 agus gur thuig sí go raibh an aidhm leis an socrúchán cabhrú léi comhtháthú go sábháilte ar ais isteach san oideachas agus sa tsochaí agus go mbeadh tacaíocht aici go mbeadh sí críochnaithe san Ardteistiméireacht, dá bhfillfeadh sí ar an meánscoil. Dúirt sí go raibh an socrúchán dearfach di sa mhéid is go raibh sí in ann freastal ar scoil agus bhí síil aici an Ardteistiméireacht a dhéanamh i Meitheamh 2013.

Bhain an t-ábhar cúraim a bhí aici leis an tuiscint a bhí aici go raibh an FSS le maoiniú le haghaidh a tsocrúcháin seo a thabhairt chun deiridh agus go dtosódh sé ag maireachtáil go neamhspleách. Chuir an duine óg an tuairim in iúl go mbeadh tionchar tromchúiseach ar a cuid oideachais, ar a huailmhianta pearsanta agus ar a sláinte mheabhrach mar gheall ar an gcinneadh seo, agus go raibh sé míchothrom i bhfianaise na tacaíochta a bhraith sí a bhí geallta di roimhe sin. Ina theannta sin, dúirt sí gur cuireadh ar an eolas í faoin gcinneadh seo ar 13 Eanáir 2012 agus go mbeadh uirthi an socrúchán a fhágáil ar 6 Feabhra 2012.

#### *Iniúchadh*

Ar scrúdú a dhéanamh ar an ngearán, chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an FSS ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta agus, chomh maith le faisnéis maidir le planáil chúraim don duine óg seo a iarraidh, d'iarr an Oifig go rachfaí i dteagmháil dhíreach leí chun iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach féideartha go háitiúil.

Ba é freagra an limistéir FSS go raibh plean cúraim i bhfeidhm don duine óg go dtí go mbeadh sí críochnaithe san oideachas dara leibhéal, agus go raibh beartaithe i gcónaí í a chur ar thrasdul, le tacaíochtaí, chun maireachtáil go neamhspleách ar bhealach ‘cuí agus éifeachtach ó thaobh costais de.’ Tar éis di a himní a chur in iúl, luaigh an FSS go bhfuair siad maoiniú don idirthréimhse a leathnú

go dtí Aibreán 2012. Dúirt freagra an leibhéil náisiúnta ón FSS ‘gur in imthosca eisceachtúla amháin agus ar mhaithe le leas soiléir an duine óg’ ar chóir iad a aistriú le linn na bliana acadúla, beag beann ar cibé an bhfuil sé mar gheall ar aois 18 a bhaint amach nó ar aon chúis eile.

Tugadh faoi deara freisin go raibh bearta déine á bhforchur ar sheirbhísí FSS, ach go raibh céimeanna á nglacadh le cinntiú go soláthrófar cúram agus cosaint do gach leanbh a bhfuil riachtanas acu, gan aird ar bhrúnna acmhainne.

### *Toradh*

Tar éis di a imní a chur in iúl, luaigh an FSS go bhfuair siad maoiniú don idirthréimhse a leathnú go dtí Aibreán 2012. Mhínigh an duine óg go raibh imní uirthi fós maidir le laghdú ar na tacaíochtaí sin sa bhliain a dheánfadh sí an Ardteistiméireacht, chomh maith le trasdul sula ndéanfadh sí an Ardteistiméireacht, ach go leanfadh sí ar aghaidh leis an aistriú.

Mhol an Oifig don FSS fanacht i dteagmháil leis an duine óg lena chinntiú go ndéantar athbhreithniú rialta ar na tacaíochtaí a sholáthraítear di agus go bhfuil siad cuí lena riachtanais a chomhlíonadh.

### *Cás-staidéar 5*

#### *An gearán*

Fuair an Oifig gearán ó bhuachaill 17 mbliana d’aois a bhí faoi chúram an FSS. Bhain a imní lena leibhéal rochtana ar a dheartháir níos óige, ag rá nach bhfaca sé a dheartháir le 27 mí anuas, in ainneoin go ndearna sé iarracht rochtain a shocrú lena Oibrí Sóisialta. Chuir sé imní in iúl mura mbeadh an t-ábhar réitithe sula mbeadh sé 18 mbliana d’aois go mbeadh bacainní breise ann maidir le teagmháil a dhéanamh lena dheartháir. Ba chosúil, tráth a chuaigh sé i dteagmháil leis an Oifig, gur scríobh an duine óg chuig Oifigeach Gearán an limistéir FSS lena míshástacht leis na cúinsí a chur in iúl.

#### *Iniúchadh*

Chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an FSS le fáil amach an bhfuair an FSS an gearán agus an rachfaí i ngleic leis trí chainéil an FSS. D’admhaigh an FSS go bhfuarthas an gearán agus gur cuireadh ar aghaidh é chuig Príomh-Oibrí Sóisialta an limistéir chun freagra a thabhairt air. Scríobh an Oifig ansin go díreach chuig roinn na hOibre Sóisialta agus thug spreagadh di, mar ábhar tosaíochta, mar gheall ar a aois agus imní, dul i dteagmháil díreach leis an duine óg. Chuaigh an Oifig i dteagmháil freisin le habhcóide an duine óig in EPIC chun nuashonruithe óna dhearcadh a dhearbhu.

### *Toradh*

Laistigh de sheachtain ó chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an FSS, tionoladh cruinniú athbhreithnithe idir an duine óg agus foireann na hOibre Shóisialta. Dearbhaíodh go raibh an duine óg réasúnta sásta le freagraí an FSS dó le linn an chruinnithe. Chuir a abhcóide in iúl go mbeadh sé ag fanacht ar dhul chun cinn ón FSS agus, más gá, go rachadh sé chuig an Oifig dá mbeadh an cheist fós gan réiteach. I bhfianaise na mbeart a rinne an FSS agus tuairimí an duine óg, chinn an Oifig nach raibh imscrúdú breise riachtanach.

### *Cás-staidéar 6*

#### *An gearán*

Chuir duine óg 21 bliain d’aois an gearán seo isteach ar a shon féin agus ar son a thriúr siblí. Bhí sé féin agus beirt dá shiblí os cionn 18 mbliana d’aois, agus siblín amháin fós ina leanbh tráth a chuaigh sé i dteagmháil leis an Oifig. Chuaigh na gearánaigh i dteagmháil leis an Oifig don chéad uair in 2011 le cur in iúl go raibh siad míshásta le hidirghabhálacha an FSS lena dteaghlach maidir le hordú maoirseachta a rinneadh ar dhuine dá dtuismitheoirí tar éis líomhaintí (nár bhain leis an teaghlach) a rinneadh i gcoinne an tuismitheora.

Bhraith na páistí go raibh forfheidhmiú an FSS den ordú ró-idirghabhálach agus go raibh tionchar diúltach ar a gcuid lena máthair mar thoradh air. Ag an am sin, d’atreoraigh an Oifig na daoine óga chuig nósanna imeachta gearán an FSS féin. Ba í an chúis leis na siblí a dhul i dteagmháil leis an Oifig arís, ar fhreagra an FSS ar a ngearán a fháil dóibh, go raibh siad míshásta leis an toradh, agus gur bhraith siad nár chualathas a gcuid tuairimí sa phróiseas.

#### *Iniúchadh*

Ar fhreagra an FSS a fháil di, bhí an Oifig den tuairim gur sheas tuarascáil ghearán an FSS, i gcoitinne, le háitiú na siblí, fuair sí roinnt torthaí lena dtuairimí a thacú agus, ina theannta sin, mhol sí roinnt gníomhaíochtaí dírithe ar chleachtas sa todhchá a fheabhsú. Agus aird air sin, bhí an Oifig den tuairim nach raibh gá le himscrúdú breise ar an ngearán. Mar sin féin, mar gheall ar mhíshástacht leanúnach na ngearánaithe agus gur chreid siad nár chualathas a gcuid tuairimí sa phróiseas gearán, scríobh an Oifig chuig roinn Abhcóideachta an FSS agus spreagadh iad dul i dteagmháil díreach leis na daoine óga maidir leis an imní a bhí orthu fós.

### *Toradh*

Thug Abhcóideachta an FSS freagra don Oifig le cur in iúl di gur thairg an Ceann Abhcóideachta bualadh leis na siblí chun an scéal a phlé tuilleadh. Cé go raibh na gearánaigh míshásta fós le gníomhartha an FSS, ba í tuairim na hOifige gur tairgeadh sásamh imleor agus nach mbeadh aon sásamh breise indéanta trínár n-idirghabháil.

## Cás-staidéar 7

### An gearán

Rinne iar-thuismitheoirí altrama le buachaill 16 bliana d'aois gearán maidir lena leas agus lena chosaint agus é faoi chúram an FSS. Go sonrach, d'ardaigh siad imní faoi chonas a chuaigh an FSS i ngleic lena easpa scolaíochta, a rannpháirteachas in iompraíochtaí rioscúla agus an easpa pleanála cúraim agus socrúchán oiriúnach daingne dó (lena n-áirítear tréimhse gan dídean). Briseadh socrúchán altrama an linbh 8 mí roimhe sin, agus ba ábhar imní dáiríre é a leas agus a shábháilteacht, le tréimhsí fada ann nuair a bhí sé ar iarraidh ó chúram.

### Iniúchadh

Chuir an Oifig seo tús le himscrúdú ar an gearán. Le linn an imscrúdaithe, athraíodh cúinsí an linbh, mar go léiríonn na tuarascálacha oibre sóisialta is déanaí go bhfuil sé ar ais faoi chúram a iarchúramóirí altrama '(i.e. an gearánach), gur tháinig feabhas ar a chuid scolaíochta agus go bhfuil a iompar socraithe.

Bhí comharthaí ar an gcomhad go raibh baint ghníomhach ag foireann na hoibre sóisialta ar an gcás agus go bhfuair an leanbh roinnt ionchur CAMHS (measúnú agus tacaíochta). Is í tuairim an FSS nach bhfuil cúram daingean de dhíth air a thuilleadh. Rinne an Coiste Cúram Altrama roinnt moltaí, agus d'fhaomh siad socrúchán an linbh ina dhiaidh sin leis an iartheachlach altrama faoi réir na moltaí seo a leanas a bheith curtha i bhfeidhm, mar atá:

- ceapachán bainisteoir cás cliniúil (faoi stiúir ag síceolaíocht chúraim phríomhúil nó ag SW agus le tacaíocht ó shíciatracht CAMHS) chun freastal ar riachtanais sláinte mheabhrach an bhuachalla; agus
- aonad cónaithe chun tacú agus faoiseamh a sholáthar don socrúchán altramaithe.

### Toradh

Tamall gairid i ndiaidh do na moltaí thuas a bheith faofa, baineadh na seirbhísí faoisimh don leanbh seo (ar cheann de na príomh-mholtaí le faomhadh an tsocrúcháin) a aistarraingt ón leanbh. Mhínigh an cúramóir altrama go bhfuil faoiseamh maith agus tacaíocht mhaith do na ceisteanna meabhrach agus iompair ata aige ríthábhachtach maidir le hinbhuanaitheacht a shocrúcháin agus a chuid scolaíochta, agus dhealraigh sé gur aontaigh gach gairmí leis seo. Scríobh an Oifig seo chuig stiúrthóir Réigiúnach na seirbhísí faoin gceist seo agus athchuireadh an tseirbhís láithreach.

Rinne an leanbh a theastas sóisearach an bhliain sin.

Tar éis an cás a phlé leis an teaghlach altrama agus sástacht a fháil gur cuireadh sásamh ar fáil, chinn an Oifig seo scor den imscrúdú a .

Scríobh an tOmbudsman do Leanaí chuig an Stiúrthóir Náisiúnta do Sheirbhísí Teaghlaigh le moladh a thabhairt athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás seo le foghlaim cad iad na deitéarmanaint dhearfacha lárnacha in athrú ar chúinsí don leanbh seo. Thairg sé deis don FSS cleachtas dearfach i dtaca leis sin a aithint agus a thacú tuilleadh. Spreag an Oifig seo freisin an FSS chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don leanbh agus dá theaghlach altrama, d'fhéadfadh inbhuanaitheacht d'aon fheabhsuithe a bheith ag brath i bpáirt ar leibhéal na dtacaíochtaí a thugtar don leanbh seo agus dá theaghlach altrama.

## Iompar Scoile

### Cás-staidéar 1

#### *An gearán*

Chuir tuismitheoir cailín 4 bliain d'aois, a bhfuil Siondróm Down uirthi, gearán isteach maidir le gníomhartha na Roinne Oideachais agus Scileanna iarratas iompar scoile don leanbh taisteal chuig scoil speisialta le haghaidh na scoilbhliana 2010/2011 a dhiúltú. Chuir an tuismitheoir in iúl gur diúltaíodh an t-iarratas ar an mbonn go raibh scoil níos cóngaraí ar fáil. Mar sin féin, bhí sé áitithe nach mbeadh a hiníon in ann rochtain a fháil ar theiripí sláinte sa scoil níos cóngaraí, agus go raibh córas teanga chomharthaíochta speisialta ag teastáil freisin óna hiníon, rud a bhí ar fáil go comhsheasmhach sa scoil aitheanta ag na tuismitheoirí.

#### *Iniúchadh*

Díríodh san imscrúdú ar ghníomhartha na Roinne Oideachais agus Scileanna (DES), mar aon leis an mBord Achomhairc Iompar Scoile agus an FSS freisin.

Chuir an DES in iúl gur rogha na dtuismitheoirí é an socrúchán scoile agus go gcuirtear iompar scoile ar fáil don scoil/rang nó aonad speisialta is cóngaraí atá athfhoinsithe nó a d'fhéadfadh a bheith athfhoinsithe chun freastal ar riachtanais speisialta oideachais an linbh. Dearbhaíodh san imscrúdú go raibh an córas teanga chomharthaíochta ar fáil sa dá scoil. Mar sin féin, d'ardaigh an Oifig inniúchadh maidir le dearcadh an DES nach bhfuil infhaighteacht an chórais teanga chomharthaíochta ina fhachtóir cinntitheach in iarratais ar iompar scoile.

Bunaithe ar imscrúdú roimhe ag an Oifig seo, ghlac an DES le moladh gur chóir an Scéim Iompar Scoile a athbhreithniú chun iompar lamháltais a chur ar fáil i gcúinsí áirithe do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Chomhairligh an DES go gcuirfeadh sé seo ar fáil faoin mbliain scoile 2011/2012.

Ar an ngearán seo a fhiosrú, dhearbhaigh an Oifig nach raibh gníomhartha an DES i ndáil leis an gcinneadh maidir leis an iarratas iompar scoile laistigh de raon Alt 8 den Acht 2002.



Mar sin féin, rinneadh cinneadh go raibh gníomhartha an DES gan iompar scoile lamháltais go dtí an scoilbhliain 2011/2012 a mheas contrártha le riarachán cóir agus fónta. Thug an Oifig a cuid buarthaí dá haire nár rinneadh na háitimh a tharraing na tuismitheoirí anuas a mheas go cuimsitheach nó nár tugadh freagra orthu i bpróiseas achomharc iompair scoile.

dearbhaíodh san imscrúdú go bhféadfadh an FSS an soláthar is gá a chur ar fáil don leanbh sa scoil níos cóngaraí, agus níor aimsíodh drochriarachán maidir lena gníomhaíochtaí.

#### *Toradh*

Le linn an imscrúdaithe, tugadh iompar scoile lamháltais don leanbh chun na scoile a roghnaigh na tuismitheoirí.

## **Imscrúduithe**

**D'fhoilsigh Oifig an Ombudsman do Leanaí roinnt imscrúduithe in 2012 atá ar fáil ar ár láithreán Gréasáin <http://www.oco.ie/complaints/complaints-publications.html>**

- Ráiteas faoi Alt 13 (2) den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002. Imscrúdú maidir le gníomhartha Scoil A – Aibreán 2012
- Tuarascáil Athbhreithnithe – Obair leantach ar an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na moltaí a rinneadh ag tabhairt chun críche an imscrúdaithe ar chur i bhfeidhm Tús Áite do Leanaí: Treoirlínte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí – Márta 2012
- Ráiteas bunaithe ar imscrúdú maidir leis an diúltú deontas teicneolaíochta cúnta a chur ar fáil do leanbh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna – Márta 2012



# 4

## OIDEACHAS AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

In Alt 7 den Acht 2002 tugtar sraith cumhachtaí reachtúla uathúla don Ombudsman do Leanaí, a chuireann le hobair na hOifige chun gearáin a imscrúdú agus dualgas dearfach a chur uirthi cearta agus leas leanaí suas le 18 mbliana d'aois a chur chun cinn agus a mhonatóiriú. I measc fheidhmeanna an Ombudsman do Leanaí faoi Alt 7 tá siad seo a leanas:

- beartais, nósanna imeachta agus cleachtais a spreagadh a chuireann cearta agus leas leanaí chun cinn;
- feasacht a chur chun cinn i measc bhail an phobail, lena n-áirítear leanaí, ar ábhair a bhaineann le cearta agus leas leanaí, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh;
- struchtúir a bhunú chun dul i gcomhairle le leanaí agus aird a tharraingt ar shaincheisteanna a bhaineann le cearta agus leas leanaí atá ábhartha do na leanaí féin; agus
- eolas a bhailiú agus a scaipeadh ar ábhair a bhaineann le cearta agus leas leanaí agus conas is féidir na cearta sin a fhorfheidhmiú, chomh maith le taighde a dhéanamh, a chur chun cinn nó a fhoilsiú air sin.

Tríd is tríd, tá clár oideachais um chearta daonna na hOifige agus a chuid tionscnamh le héisteacht le tuairimí na leanaí agus aird a tharraingt orthu comhdhéanta de dhá shnáithe. Tá sé mar aidhm sa chéad snáithe dul i ngleic le pobal na leanaí i gcoitinne agus feasacht ar ábhair a bhaineann le cearta leanaí atá ábhartha do na mílte leanbh a chur chun cinn. Díritear sa dara snáithe ar nascadh díreach le grúpaí leochaileacha leanaí atá níos deacra iad a rochtain agus nach gcluintear a gcuid tuairimí rómhínic.

### Clár Oideachais ar Chearta

#### Ceardlanna oideachais ar chearta

Seachadtar ceardlanna oideachais ar chearta leanaí dhá uair sa tseachtain do ghrúpaí leanaí agus do dhaoine óga a thugann cuairt ar an Oifig. Is príomhghné de chlár oideachais faoi chearta an OCO iad, agus soláthraíonn na ceardlanna seo deis luachmhar chun dul i dteagmháil go díreach, agus ar bhonn leanúnach, le leanaí agus le daoine óga d'aoiseanna éagsúla, a chónaíonn in áiteanna éagsúla ar fud na tíre agus i gcúinsí éagsúla. Le linn 2012,

thug breis agus míle leanbh agus duine óg ó scoileanna, tionscadail óige agus seirbhísí leanaí eile i sé chontae dhéag cuairt ar an OCO chun foghlaim faoi obair na hOifige, chun a dtuiscint ar chearta leanaí a fhorbairt, agus chun ábhair a bhaineann le cearta leanaí agus saolta leanaí in Éirinn a fhiosrú.

I gcomhthéacs na gceardlann seo, bíonn deis ag leanaí agus daoine óga ceisteanna a ardú agus a chur faoi shaincheisteanna a bhaineann le hábhar atá abhartha dóibh.

I measc na saincheisteanna a d'ardaigh leanaí agus daoine óga le linn 2012 bhí siad seo a leanas:

- éifeachtaí díobhálacha na dífhostaíochta agus imirce/eisimirce ag tuismitheoirí le haghaidh oibre ar shaol an teaghlaigh;
- an méid deiseanna imleora a bhíonn ag leanaí agus daoine óga a gcuid tuairimí ar ábhair a bhaineann leo a chur in iúl i gcomhthéacsanna éagsúla;
- ceisteanna sláinte meabhrach agus tacaí do leanaí agus do dhaoine óga; agus
- na cearta agus na seirbhísí tacaíochta do ghrúpaí leanaí níos éislíní, lena n-áirítear leanaí gan dídean agus leanaí faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil riachtanais speisialta acu.

### Ábhair acmhainne do scoileanna

Le linn 2012, cheap an OCO ábhair acmhainne bhreise oideachais do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna. Is é an tríú ceann i sraith acmhainní oideachais forbartha ag an Oifig ó 2007 i leith, tacaíonn Áiteanna Beaga le leanaí agus daoine óga chun ceangail a dhéanamh idir cearta leanaí, mar atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus ag cur san áireamh an Bunreacht agus a saolta laethúla sa bhaile, ar scoil agus ina bpobail. Trí leanaí agus daoine óga a éascú chun iniúchadh a dhéanamh ar na naisc lena chéile, lena múinteoirí, agus lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí, tá sé mar aidhm leis na gníomhaíochtaí a dtuiscint a fhorbairt ar conas a bhaineann cearta leanaí lena saolta féin agus ar na bealaí éagsúla inar féidir le réimse leathan daoine, lena n-áirítear leanaí agus daoine óga iad féin, páirt a ghlacadh le cearta leanaí éagsúla a chosaint ar bhonn laethúil. Déantar i mBéarla agus i nGaeilge é, agus é deartha le húsáid sa chomhthéacs den churaclam a theagasc agus a fhoghlaim ag leibhéal bunscoile agus iar-bhunscoile, scaipeadh an acmhainn Áiteanna Beaga chuig scoileanna ar fud na tíre i Meán Fómhair 2012, agus tá sé ar fáil freisin le híoslódáil ó láithreán Gréasáin an OCO.

### Seimineáir oideachais ar chearta do mhic léinn iarchéime

Ó bunaíodh é, chuaigh an OCO i dteagmháil le hinstiúidí tríú leibhéal ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí thaighde a choimisiúnú, deiseanna intéirneachta a sholáthar do chéimithe agus aoi-léachtaí agus seimineáir a sheachadadh do mhic léinn fhochéime agus iarchéime. I gcomhréir lena dhualgais reachtúla faoi Alt 7 den Acht 2002 agus a thosaíochtaí straitéiseacha, chuir an OCO leis na coinní seo le linn 2012 trí shraith de sheimineáir oideachais ar chearta do mhic léinn iarchéime a dhearadh agus a sheachadadh ar bhonn píolótach. Díriodh sna seimineáir phíolótacha ar mhic léinn i mbun staidéir iarchéime in obair shóisialta nó faoi chúram

sóisialta mar gheall ar rannpháirteachas an OCO trína fheidhmeanna reachtúla éagsúla le raon leathan saincheisteanna atá ábhartha do réimsí na hoibre sóisialta agus an chúraim shóisialta (m.sh. cosaint leanaí, tacaíocht teaghlaigh, cúram malartach agus iarchúram do leanaí agus do dhaoine óga, sláinte mheabhrach leanaí agus ógánach, coinneáil na n-óg, easpa dídine na n-óg, agus beartas agus soláthar do leanaí scartha).

Ghlac os cionn 120 mac léinn iarchéime ó chúig institiúid tríú leibhéal (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain IT) páirt i seimineáir phíolótacha OCO i nDeireadh Fómhair agus i Nollaig 2012. Is foireann OCO a sheachaid na seimineáir, agus iad dírithe ar fheasacht ar shainordú reachtúil, feidhmeanna agus réimsí comhfheagracha oibre an OCO a ardú; tuiscint a fhorbairt ar phrionsabail bhunúsacha um chearta leanaí agus ar a gcur i bhfeidhm i gcomhthéacs an chleachtais ghairmiúil; agus le cleachtas agus cinnteoireacht dírithe ar an leanbh a spreagadh. I bhfianaise na suime sna seimineáir phíolótacha agus na meastóireachtaí dearfacha orthu, tá sé beartaithe ag an OCO an clár seo a fhorbairt agus a éagsúlú, de réir mar is cuí agus indéanta, le linn 2013.

### Ag Éisteacht le Tuairimí agus Buarthaí Leanaí agus Aird a Tharraingt orthu

I bhforálacha Alt 7 den Acht 2002 tugtar scóip don OCO cur chuige ilúsáide agus nuálach a ghlacadh chun éisteacht le tuairimí agus buarthaí leanaí agus aird a tharraingt orthu. Léiríonn na tionscnaimh chodarsnacha sa réimse seo a chuir an Oifig i bhfeidhm le linn 2012 an cur chuige seo.

### Scéal na ndaoine óga gan dídean

*“Nuair a bhíonn tú faoi chúram don chéad uair, bíonn do shaol bun os cionn ... agus ... an rud amháin gur gá bheith comhsheasmhach ná an áit ina gcónaíonn tú ... Bíonn tú faoi dhúlagar mar gheall air toisc go mbraitheann tú ‘An cuma le duine ar bith?’ ... Ní mhothaíonn tú go bhfuil duine ar bith ag tabhairt aire duit. Agus is cuma cén aois atá tú – ní admhaíonn daoine é, ach tá sé fíor – is gá duit duine a bheith agat chun aire a thabhairt duit ...”*

Leanbh i gcomhairle le OCO

Idir Meán Fómhair agus Nollaig 2011, chuir an OCO comhairliúchán ar bun le daoine óga a bhfuil taithí de bheith gan dídean acu agus a fuair rochtain iar-ama ar idirghabháil ghéarchéime agus seirbhísí cóiríochta éigeandála i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.

Bhí an comhairliúchán seo mar chuid de phíosá oibre níos leithne a bhaineann le rannpháirteachas ag an Oifig leis an FSS ar an tsaincheist. Bhí comhairliúcháin na hOifige ag iarraidh léargas a fháil ar thaithí pearsanta dhaoine óga de sheirbhísí easpa dídine a rochtain agus a úsáid agus, bunaithe ar na heispéiris seo, cad a cheapann siad ba chóir a dhéanamh chun soláthar atá ann cheana féin do leanaí a bhfuil riachtanas acu leas a bhaint as na seirbhísí seo a fheabhsú.

Foilsíodh in Aibreán 2012, doiciméadaíonn an tuarascáil a eascraíonn ón gcomhairliúchán seo, Homeless Truths, cuntais mhacánta leanaí agus daoine óga ar sheirbhísí easpa dídine a rochtain agus a úsáid. Mar a thug an tOmbudsman do Leanaí dá aire ag an am siúd, is é an leochaileacht a bheith gan dídean agus na héifeachtaí creimneacha a bhíonn ag easpa dídine ar mhothú dínite, féin-mheas, sábháilteacht agus slándáil leanaí agus dhaoine óga ar cheann de na rudaí is suntasaí a thagann as a gcuid cuntas ar na dúshláin a bhí acu, na rioscaí a bhí rompu, agus na tacaíochtaí a fuair siad.

Ar bhonn an chomhairliúcháin seo, rinne an OCO raon moltaí maidir le conas a d'fhéadfadh beartas agus soláthar atá ann cheana féin do leanaí a bhfuil riachtanas acu seirbhísí do dhaoine gan dídean a úsáid a neartú ar mhaithe lena gcuid ceart agus leasa a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí.

I measc na bearta a moladh ná iad seo a leanas:

- cur ar chumas leanaí dul agus rochtain a fháil ar sheirbhísí easpa dídine le linn an lae agus bealaí malairte a sholáthar chuig stáisiúin an Gharda Síochána chun rochtain a fháil ar sheirbhísí;
- deireadh a chur leis an gcleachtas, sa chás go bhfuil sé ann, ceangal a chur ar leanaí dul agus rochtain a fháil ar chóiríocht ar bhonn lae go lá agus, i gcás leanaí nach féidir leo filleadh abhaile agus nach féidir socrúchán oiriúnach níos fadtéarmaí a fháil ar a son go tapa, iarracht a dhéanamh cobhsaíocht socrúcháin de chineál éigin a chur ar fáil;
- úsáid de chóiríocht ghearrthéarma den chineál 'brú' a íoslaghdú, gan é a úsáid le haghaidh leanaí faoi 16 bliana d'aois agus, más féidir agus más cuí, ag iarraidh cóiríocht a aimsiú i bhobail áitiúla leanaí nó cóngarach dóibh;
- i bhfianaise na rioscaí tromchúiseacha a d'fhéadfadh a bheith roimh leanaí gan dídean, ag cinntiú gur féidir le gairmithe cúram agus oideachas tacaíochtaí praiticiúla a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga chun leanúint ar aghaidh san oideachas nó oiliúint, ag soláthar clár malairte leordhóthanach de ghníomhaíocht do leanaí agus do dhaoine óga i rith an lae agus, nuair is gá, ligean dóibh fanacht ina gcóiríocht shealadach i rith an lae; agus
- dul i ngleic leis an stiogma sochaí trí fheasacht an phobail a ardú ar na cúinsí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúiseanna le leanaí a bheith gan dídean, agus íogaireacht an phobail a ardú ar na dúshláin a bhíonn rompu sa chás seo.

Cuireadh béim ar na tuairimí seo agus ar thuairimí eile roinnte ag leanaí rannpháirteacha agus daoine óga don, inter alia, FSS, a bhfuil freagracht reachtúil aige faoin Acht um Chúram Leanaí 1991 do leanaí agus do dhaoine óga faoi 18 mbliana d'aois sna cúinsí seo, agus don Lárionad do Sheirbhísí Éifeachtacha, a bhí ag déanamh athbhreithnithe ar Straitéis Easpa Dídine na nÓg 2001, agus tá sé le moltaí a dhéanamh maidir le Creat Feidhmiúcháin nua chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine na n-óg.

## Comhairliúchán le leanaí ar bhulaíocht

*“Ní mór do gach duine a bheith níos eolasaí faoi thionchar na bulaíochta ar dhaoine óga. Mura ndearnadh bulaíocht ar dhaoine, ní thuigeann siad mura n-insítear dóibh faoi. D’fhéadfadh daoine teacht isteach agus labhairt leis na daltaí faoi éifeachtaí agus torthaí na bulaíochta.”*

Duine óg i gcomhairliúchán leis an OCO

Ardaíonn tuismitheoirí, gairmithe agus leanaí iad féin ceist na bulaíochta go minic leis an OCO ag, agus is é sin go seasta i measc na gcúig shaincheist is minice a ardaítear i ngearáin a bhaineann le hoideachas lena ndéileáil an Oifig. Cé nach bhfuil aon ról ag an OCO líomhaintí faoi bhulaíocht a fhiosrú nó a fhíorú, tá measúnú déanta aige ar an tslí ina ndéileáiltear leis na cúinsí sin i scoileanna agus ag scoileanna.

Mar an chuir an tOmbudsman do Leanáí in iúl ag cruinniú in Iúil 2012 leis an nGrúpa Oibre bunaithe ag an Aire Oideachais agus Scileanna chun scrúdú a dhéanamh ar conas is féidir dul i ngleic le cineálacha difriúla bulaíochta i scoileanna, mar fhreagra ar fhormhór na ngearán a rinneadh, spreagann an Oifig Boird Bhainistíochta na saincheisteanna a thagann chun solais a réiteach trí nósanna imeachta gearán áitiúla scoileanna. Nuair is gá, déanann an Oifig scrúdú neamhspleách agus neamhchlaonta an scéal le teacht ar thuiscint ar na saincheisteanna atá i gceist agus, nuair is cuí, moltaí a dhéanamh maidir le conas is féidir an cheist a réiteach ar mhaithe le leas an linbh nó na leanaí lena mbaineann.

I bhfianaise na n-ábhar imní agus na ngearán faoin mbulaíocht a ardaíodh leis an Oifig, agus ag forbairt ar an obair dhíreach a rinne foireann an OCO le leanaí ar an tsaincheist seo le linn 2011, rinne an Oifig comhairliúchán le leanaí idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2012 maidir le déileáil le bulaíocht i scoileanna. Bhí an comhairliúchán dírithe ar réitigh agus an aidhm a bhí leis leanaí agus daoine óga a éascú le gníomhaíochtaí a shainaithint, a chreideann siad go bhféadfaí cur go suntasach le déileáil go héifeachtach le bulaíocht i scoileanna.

Taifeadh tuairimí agus smaointe níos mó ná 300 leanbh agus duine óg idir 10 agus 17 mbliana d’aois, lena n-áirítear daoine óga faoi chúram, daoine óga atá faoi mhíchumas fisiciúil agus daoine óga LGBT i dtuarascáil a sheol an tOmbudsman do Leanáí i Luimneach i Samhain 2012. Mar atá léirithe sa tuarascáil, tugann na tuairimí roinnte ag leanaí agus daoine óga le fios go bhféadfaidh an obair a dhéantar le scoileanna agus ag scoileanna chun déileáil le bulaíocht leas a bhaint as cur chuige dhá shnáithe a chuimsíonn straitéisí coisc agus idirghabhála.

Ba ghné shuntasach de thuairimí leanaí an bhéim a chuirtear ar obair choisctheach agus, go háirithe, ar thionscnaimh atá tiomanta d’fheasacht a ardú ar bhulaíocht agus dul i ngleic le meonta idirdhealaitheacha, lena n-áirítear homafóibe, is féidir bheith ina gcúiseanna le bulaíocht. Teachtaireacht shuimiúil eile a tháinig as na ceardlanna comhairliúcháin ná an dearcadh i measc na leanaí agus na ndaoine óga go ginearálta go rachfar i ngleic le bulaíocht ar an mbealach is cuí agus is éifeachtaí trí bhearta aisiríocha. Sa réimse seo agus i réimsí eile le haghaidh gníomhaíochta, a ndearna siad plé orthu, leag leanaí agus daoine óga béim go seasta ar an tábhacht a bhaineann le gach dalta a éascú lena gcuid tuairimí a chur in iúl agus a bheith

rannpháirteach go gníomhach i mbearta chun déileáil le bulaíocht. Rinne siad raon leathan moltaí nithiúla agus cruthaitheacha maidir le conas is féidir leanaí agus daoine óga a spreagadh agus a thacú cuid den fhreagrach a ghlacadh le dul i ngleic le fadhb na bulaíochta agus, chuige sin, cultúr measa ar na cearta agus ar dhínit gach leanbh a thógáil.

Ag cur san áireamh na tuairimí arna léiriú ag leanaí agus daoine óga, leag an tOmbudsman do Leanaí béim ar an tábhacht a bhaineann le freagrachtaí chun dul i ngleic le bulaíocht á nglacadh agus á gcomhroinnt ag an gcóras oideachais i gcoitinne agus, nuair is gá, ag gníomhaireachtaí eile. I dtaca leis seo, agus sa chomhthéacs maidir le tuarascáil an OCO a fhoilsíú, d'iarr sí ar an Rialtas forbairt ar obair na Roinne Oideachais agus Scileanna sa réimse seo tríd an Roinn Sláinte a chur san áireamh i bhforbairt straitéis fhrithbhulaíochta ina dtugtar aghaidh ar bhulaíocht mar shaincheist sláinte poiblí.

Scaipeadh tuarascáil an OCO ar a chomhairliúchán, Déileáil le Bulaíocht i Scoileanna, ar pháirtithe leasmhara ábhartha agus ar scoileanna ar fud na tíre, mar acmhainn chun tacú lena gcuid oibre leanúnaí chun dul i ngleic le bulaíocht. Tugann an OCO dá aire an machnamh a rinneadh ar thorthaí a chomhairliúcháin ag Grúpa Oibre na Roinne Oideachais agus Scileanna réamhluaithe, agus ionchorprú na dtuairimí comhroinnte ag leanaí agus daoine óga leis an OCO isteach sa Phlean Gníomhaíochta ar Bhulaíocht a sheol an tAire Oideachais agus Scileanna agus an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige ag deireadh Eanáir 2013.

### An Díospóireacht Mhór

*“Chualamar faoin reifreann ... Measaim ... gur rud maith a bheadh ann dá vótálfaimis ann freisin.”*

Duine óg ag labhairt le OCO i Samhain 2012 faoin reifreann ar chearta leanaí

Roimh an reifreann ar chearta leanaí ar 10 Samhain, d'óstáil an tOmbudsman do Leanaí ócáid speisialta le daoine óga agus ar a son ag an Staidiam Aviva i mBaile Átha Cliath ar 6 Samhain. Bhí a fhios aige go raibh leas sa leasú beartaithe agus le cosaint cearta leanaí a neartú sa Bhunreacht ag daoine óga faoi 18 mbliana d'aois, cé nach raibh siad i dteideal vótáil sa reifreann, d'eagraigh an OCO An Díospóireacht Mhór d'fhonn deis a thabhairt do dhaoine óga a gcuid tuairimí a chur in iúl, na saincheisteanna a phlé agus páirt a ghlacadh i vótáil lena léiriú an raibh siad i bhfabhar an leasaithe bheartaithe nó ina choinne.

D'fhreastail beagnach 200 dalta ó scoileanna agus grúpaí óige i mBaile Átha Cliath, i Laois, i Luimneach, sa Chlár, i nGaillimh agus i Muineachán ar an ócáid. Ar fud na maidine, sheas ocht dalta suas ar an bpóidiam chun argóintí a phlé ar son agus i gcoinne an leasaithe bheartaithe, agus ina dhiaidh sin oslaíodh an díospóireacht dóibh siúd go léir a bhí i láthair. Ba léir ó rannpháirteachas fuinniúil na ndaoine óga go raibh an-suim acu sna ceisteanna agus bhí tábhacht ag baint leis na tuairimí a bhí acu, dar leo. Ba í an teachtaireacht athfhillteach ó dhaoine óga a labhairt ón urlár nach raibh go leor faisnéise inrochtana faoin reifreann ar fáil go héasca, go háirithe faisnéis do leanaí agus do dhaoine óga; bhraith siad cé nárbh fhéidir leo vótáil a chaitheamh, ba chóir eolas níos iomláine a chur orthu faoin leasú beartaithe, de thairbhe gur bhain sé go díreach leo.

Sa vóta a tharla mar chríoch leis An Díospóireacht Mhór, vótáil daoine óga i bhfabhar an leasaithe atá beartaithe ar an mBunreacht.



# 5

## BEARTAS AGUS REACHTAÍOCHT

In Alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 leagtar amach beartas, taighde agus feidhmeanna athbhreithnithe reachtaíochta na hOifige. Go sonrach, forálann sé go ndéanfaidh an tOmbudsman do Leanaí na nithe seo a leanas:

- comhairle a chur ar Airí faoi fhorbairt agus faoi chomhordú beartais a bhaineann le leanaí;
- comhairle a chur ar Airí faoi aon ábhar a bhaineann le cearta agus leas leanaí, lena n-áirítear an éifeacht dhóchúil ar leanaí ag tograí le haghaidh reachtaíochta;
- taighde a dhéanamh, a chur chun cinn agus a fhoilsiú faoi aon ábhar a bhaineann le cearta agus leas leanaí; agus
- faisnéis a mhalartú agus comhoibriú le hOmbudsmána do Leanaí i stáit eile.

### Athrú reachtaíochta

Leagadh amach agus athdhearbhaíodh moladh an Ombudsman do Leanaí an Bunreacht a leasú d'fhonn cosaint níos fearr a thabhairt do chearta an linbh i ngach tuarascáil bhliantúil do Thithe an Oireachtais ó bunaíodh an Oifige in 2004. Dá réir sin ba imeacht suntasach a bhí i bhformhuiniú ag an bPobal den Aonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht i Samhain 2012 maidir le hOifige an Ombudsman do Leanaí, chomh maith le bheith ina gharsprioc i dtaca le cur chun tosaigh cearta leanaí in Éirinn.

I gcomhréir lena feidhm faoi alt 13 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 maidir le tuarascálacha speisialta a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais, d'ullmhaigh Oifige an Ombudsman do Leanaí tuarascáil ar an mBille um an tAonú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Leanaí) 2012. Chuir an aighneacht seo leis na ceithre aighneacht roimhe sin a rinne an tOmbudsman do Leanaí chuig an Rialtas agus chuig an Oireachtas maidir le moltaí chun an Bunreacht a leasú. Ba ionann teachtaireacht lárnach gach aighneachta: ba chóir d'Éirinn prionsabail lárnacha chearta leanaí a cumhdaíodh sa Bhunreacht d'fhonn taca a chur faoi athrú bunúsach inár ndlí, beartas agus cleachtas maidir le leanaí. Go háirithe, d'éiligh an tOmbudsman do Leanaí cuimsiú na bprionsabal atá leagtha amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (UNCRC) in aon leasú den chineál sin ar an mBunreacht. Cuireann an seasamh seo taca faoi theagmháil dhíreach an Ombudsman do Leanaí leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Taoiseach agus leis an Tánaiste maidir le foclaíocht an Bhille chun an Bunreacht a leasú.

Ba é reifreann an 10 Samhain 2012 an toradh ar phróiseas fada abhain le breithniú ag an Oireachtas, le Rialtas i ndiaidh Rialtais, le fiosrúcháin agus imscrúduithe éagsúla, agus go deimhin ag meicníochtaí monatóireachta idirnáisiúnta chearta an duine. Ní mór a admháil nach raibh táirgeadh foclaíochta a bheadh comhaontaithe go forleathan lasmuigh agus laistigh de Thithe an Oireachtais ina thasc simplí.

Is céim shuntasach agus dhearfach chun tosaigh do leanaí agus teaghlaigh in Éirinn é formhuiniú Airteagal 42A nua den Bhunreacht. Cé nach ndéantar prionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh a ionchorprú ann sa mhéid is atá molta ag an Ombudsman do Leanaí, soláthrófar bonn láidir ann le haghaidh ionchorprú na bprionsabal seo inár ndlí agus inar mbeartas sa todhchaí. Beidh an méid difríochta a dhéanfaidh an leasú san fhadtéarma ag brath ar thiomantas an Oireachtais agus an Rialtais na forálacha sin a úsáid agus a chur leo i bhforbairt dlí agus beartais a bhaineann le leanaí, agus ar chur chuige na mbreithiúna i dtaca leis na línte dlí-eolaíochta a d'fhéadfadh teacht as.

Ní deireadh le cearta leanaí a chur chun tosaigh in Éirinn é athrú bunreachtúil a bhaint amach; tá comhlíontacht leis an UNCRC fós ina thionscadal neamhchríochnaithe. Fiú in éagmais cur chuige níos uasta i dtaca le prionsabail an UNCRC a ionchorprú sa Bhunreacht, d'fhéadfadh comhlíonadh na hÉireann lena dualgais chearta leanaí a chur chun tosaigh ar mhodh eile, agus ba chóir sin a dhéanamh. Ní bhacann aon ní sa leasú an fhéidearthacht tuilleadh éifeachta a thabhairt d'fhorálacha an UNCRC i reachtaíocht phríomhúil, lena n-áirítear trí reachtaíocht den chineál sin a shíniú ionas go bhfuil ceangal ar údaráis riaracháin aird chuí a thabhairt do dhualgais chearta daonna an Stáit agus a fheidhmeanna á ndéanamh acu.

### **Athbhreithniú ar oibriú an Ombudsman do Leanaí 2002**

Foráiltear in Alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002 go ndéanfaidh an tOmbudsman do Leanaí monatóireacht agus athbhreithniú ar oibriú an Achta 2002 agus, aon uair is dóigh léi gur gá é, moltaí a dhéanamh maidir leis an Acht don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus/nó do Thithe an Oireachtais. I gcomhréir leis an bhfeidhm reachtúil, chuir an tOmbudsman do Leanaí tuarascáil ar oibriú an Ombudsman do Leanaí 2002 faoi bhráid an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus faoi bhráid an Oireachtais i Márta 2012.

Cuireadh roinnt nithe tábhachtacha sa tuarascáil mar bhonn eolais, lena n-áirítear:

- Prionsabail na Náisiún Aontaithe a bhaineann le stádas na n-institiúidí náisiúnta i dtaca le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint (“Prionsabail Pháras”);
- Dea-chleachtas idirnáisiúnta agus taithí na nOmbudsman do Leanaí i ndlínsí eile; agus
- An taithí atá faighte ag Oifig an Ombudsman do Leanaí ó bunaíodh é in 2004 maidir le stiúradh na n-imscrúduithe

Is píosa reachtaíochta láidir é an tAcht 2002, go ginearálta, a fheidhmíonn go maith; ach, leagadh béim go leanúnach i dtuarascálacha bliantúla an Ombudsman do Leanaí

roimhe seo chuig an Oireachtas ar easnaimh áirithe in Acht 2002, go háirithe maidir le sainchúram imscrúdaithe na hOifige. Tá na heasnaimh sin tugtha dá n-aire ag roinnt meicníochtaí cearta daonna idirnáisiúnta, amhail Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine. Chomh maith le hábhair inmí fhadtéarmacha a athrá, in athbhreithniú ar an Acht 2002 leagadh amach roinnt gnéithe breise den Acht a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as an leasú.

Is iad seo a leanas príomh-mholtaí ó athbhreithniú ar oibriú an Achta 2002:

- eisiámh atá ann cheana féin i sainchúram imscrúdaithe an Ombudsman do Leanaí a bhaint;
- comhlachtaí poiblí breise a bhfuil feidhmeanna acu a bhaineann go príomha nó go heisiach le leanaí a chur san áireamh laistigh de shainchúram an Ombudsman do Leanaí;
- feidhmeanna comhairleacha an Ombudsman do Leanaí a leathnú agus a shoiléiriú;
- dualgas nua a chur ar chomhlachtaí poiblí le cúnaimh agus treoir cuí a sholáthar do ghearánaigh;
- cumhachtaí an Ombudsman do Leanaí a fheabhsú chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí poiblí iarratais ar fhaisnéis, doiciméid nó taifid eile le linn imscrúduithe a bheith ar siúl; agus
- a shoiléiriú nach n-oibríonn an rialail cruinniú iata sa chaoi is go mbíonn sé ina bhac ar imscrúduithe reachtúla faoin Acht um Ombudsman do Leanaí 2002.

Chuaigh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i dteagmháil go hoscailte agus go cuiditheach le hOifig an Ombudsman do Leanaí i ndáil le cur i bhfeidhm na moltaí seo. Tamall gairid tar éis athbhreithniú ar an Acht 2002 a chur isteach, d'fhógair an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige go raibh sí i bhfabhar deireadh a chur leis an eisiámh ar shainchúram imscrúdaithe an Ombudsman do Leanaí i ndáil le Foras Naomh Pádraig. Le toiliú an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, rinne an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige an t-ordú iomchuí faoi alt 11 den Acht 2002 i Meitheamh 2012.

Le linn don Bhille Ombudsman (Leasú) 2008 a ghabháil trí Thithe an Oireachtas, tháinig an deis chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na moltaí san athbhreithniú ar an Acht 2002. I ndiaidh teagmhála idir an tOmbudsman do Leanaí agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chomh maith le rannpháirteachas ina dhiaidh sin ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, baineadh amach leasuithe suntasacha ar an sainchúram imscrúdúcháin agus cumhachtaí an Ombudsman do Leanaí trí Acht an Ombudsman (Leasú) 2012. Bhí Oifig an Ombudsman do Leanaí an-bhuíoch as iarrachtaí an dá Roinn maidir leis na hathruithe seo a bhaint amach ar bhealach éifeachtach agus tapúil.

Le hachtú an Achta Ombudsman (Leasú) 2012 i nDeireadh Fómhair 2012, ardaíodh ceist maidir leis an mbunús dlí ar a bhféadfadh an Oifig seo leanúint ar aghaidh le gearáin a

fhiosrú maidir le hionaid choinneála. Mar sin féin, ní raibh sé seo ina bhac oibríochtúil ar Oifig an Ombudsman do Leanaí ó ábhair imní a ardú agus a réiteach leis an mbainistíocht ag Foras Naomh Pádraig nó Seirbhís Príosún na hÉireann. Téitear i ngleic leis an gceist seo agus é á shoiléiriú chun sástacht an Ombudsman do Leanaí.

Leanfaidh Oifig an Ombudsman do Leanaí ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis na moltaí san athbhreithniú ar Acht 2002 nár cuireadh i bhfeidhm go fóill. Tá Oifig an Ombudsman do Leanaí den tuairim go mbeidh reachtaíocht phríomhúil ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna amuigh agus táthar ag súil go mbeidh reachtaíocht den sórt sin os comhair Thithe an Oireachtais a luaithe is féidir.

Comhairle ar na Ceannteidil agus Scéim Ghinearálta an Bhille Tús Áite do Leanaí agus an Bhille um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar) 2012

D'fhoilsigh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige na Ceannteidil agus Scéim Ghinearálta den Bhille Tús Áite do Leanaí ar 25 Aibreán 2012. Ba é cuspóir luaite na Scéime Tús Áite do Leanaí gnéithe áirithe den Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí a chur ar bhonn reachtúil. D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta freisin an Bille um Cheartas Coiriúil 2012 ((Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar) ar an lá céanna. Cruthaíodh leis an reachtaíocht seo cion coiriúil maidir le faisnéis a choinneáil siar i ndáil le cionta sonraithe tromchúiseacha a dhéantar i gcoinne linbh nó duine leochailigh.

De réir alt 7 den Acht um Ombudsman do Leanaí 2002, d'ullmhaigh an tOmbudsman do Leanaí comhairle don Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an reachtaíocht a moladh.

Bhí na moltaí seo ina bhforbairt shuntasach sa chreat reachtaíochta faoina rialaítear cosaint leanaí in Éirinn. Chinn an tOmbudsman do Leanaí trácht a dhéanamh ar an Scéim Tús Áite do Leanaí agus ar an mBille um Choinneáil Siar Faisnéise san aighneacht chéanna mar gheall ar an bhforluí eatarthu i ndáil leis an tsaincheist ar mhí-úsáid tuairiscithe. D'ainneoin na difríochtaí eatarthu maidir le nádúr na gcionta le tuairisciú agus le cáilíocht na faisnéise atá i seilbh an duine, ar a bhfuil dualgas a thuairisciú, dhéileáil an bheirt le socrúithe chun mí-úsáid leanaí a thuairisciú agus bhí siad mar chuid de shraith de reachtaíocht um chosaint leanaí á cur chun tosaigh ag an Rialtas ag an am siúd.

Chomhaontaigh Oifig an Ombudsman do Leanaí leis an gcur chuige ginearálta den Scéim Tús Áite do Leanaí agus den Bhille um Fhaisnéis a Choimeád Siar, agus mheas sí go bhfuil sé riachtanach na nithe seo a leanas a chinntiú:

- gach acmhainn is gá a chur i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir le ranna oibre sóisialta freagairt go héifeachtach le haon mhéadú i dtuairisciú de dhroim na Scéime Tús Áite do Leanaí agus an Bhille um Fhaisnéis a Choimeád Siar;
- ba chóir iltuairisciú neamhriachtanach ar an teagmhas céanna cosanta leanaí a chosc

agus, chuige sin, trí atreorú a dhéanamh i gcomhréir le Tús Áite do Leanaí, níor chóir go mbeadh tuairisc ar leith a dhéanamh faoin mBille um Fhaisnéis a Choimeád Siar 2012 riachtanach, más rud é gur comhlíonadh an tairseach chun tagairt a dhéanamh faoin dá cheann;

- córas éifeachtach monatóireachta, mar shampla ag Cigireacht na Seirbhísí Sóisialta den Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí na reachtaíochta ar sheirbhísí cosanta leanaí; agus
- riachtanas a bheith mar chuid den reachtaíocht a chuireann taca faoi Tús Áite do Leanaí a éilíonn ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtaí na reachtaíochta sin ar chleachtas um chosaint leanaí tráth nach déanaí ná trí bliana tar éis dó a chur i bhfeidhm. Ba chóir do Choiste an Oireachtais um Shláinte agus Leanaí an t-athbhreithniú a mheas.

Ina comhairle ar na forálacha sonracha atá leagtha amach sa Scéim Tús Áite do Leanaí, rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí moltaí i ndáil le:

- sainmhínte ar mhí-úsáid atá le húsáid sa reachtaíocht;
- na smachtbhannaí dá bhforáiltear i gcás neamh-chomhlíonta;
- ról an FSS; agus
- comhoibriú an FSS/an Gharda faoi Tús Áite do Leanaí.

Rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí moltaí freisin leis an mBille um Cheartas Coiriúil (Faisnéis faoi Chionta in aghaidh Leanaí agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar) 2012 a leasú maidir le:

- an comhchuibheas idir an Bille agus Tús Áite do Leanaí: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí;
- an sainmhíniú ar leithscéal réasúnach maidir le teip tuarascáil a thabhairt don Gharda Síochána;
- na cosaintí dá bhforáiltear sa Bille; agus
- ceist na pribhléide dlí.

### **Creat Beartais Leanaí agus Daoine Óga 2012-2017**

Sheol an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige comhairliúchán poiblí ar Chreat Beartais Leanaí agus Daoine Óga 2012-2017 i Meitheamh 2012. Is é aidhm an Chreata, a thiocfaidh i ndiaidh na Straitéise Náisiúnta Leanaí roimhe sin, tosaíochtaí beartais ardleibhéil an Rialtais a leagan amach do leanaí agus do dhaoine óga go ceann cúig bliana.

Leagadh béim in aighneacht an Ombudsman do Leanaí ar an gCreat Beartais Leanaí agus Daoine Óga ar an ngá atá leis an gCreat a bheith mar bhonn taca go hiomlán ag dualgais an Stáit faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Go sonrach, mhol Oifig an Ombudsman do Leanaí gur cheart don Chreat moltaí Choiste an Náisiúin

Aontaithe um Chearta an Linbh a ionchorprú, araon i ndáil leis an leathnú ar na pleananna nó straitéisí den chineál sin i gcoitinne agus tuairimí an Choiste maidir le tuarascáil thréimhsiúil deiridh na hÉireann faoin gCoinbhinsiún. Maidir leis seo, tá na moltaí a bhaineann le grúpaí daoine óga imeallaithe nó leochaileacha suntasach, lena n-áirítear leanaí ag maireachtáil i mbochtaineacht, leanaí faoi mhíchumas, leanaí ón Lucht Siúil, leanaí inimirceacha agus leanaí ag lorg tearmainn, agus leanaí i gcoimhlint leis an dlí.

Leagadh béim freisin san aighneacht an Ombudsman do Leanaí ar an tábhacht a bhaineann le meicníochtaí láidre monatóireachta agus feidhmiúcháin, agus moladh inti go mbeadh spriocanna soiléire agus indéanta chomh fada agus is féidir ag na gníomhartha atá leagtha amach sa Chreat. Mar gheall ar nádúr ard-leibhéal an doiciméid agus an tréimhse ama a chuimhsítear ann, bhí an tOmbudsman do Leanaí den tuairim go mbeadh sé cuí don Oireachtas ról díreach a bheith aige i gcur i bhfeidhm an Chreata a mhaoirsiú agus a mhonatóiriú.

### **Iniúchadh ar ráitis imscrúdaithe**

In 2011, d'fhoilsigh Oifig an Ombudsman do Leanaí tuarascáil ar shampla de chásanna a bhí ina n-ábhar imscrúdaithe faoi ailt 8 agus 9 den Acht 2002, le measúnú a dhéanamh ar mhéid ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí poiblí atá i gceist a chomhlíon dualgais idirnáisiúnta cearta daonna an Stáit. Chumhdaigh na himscrúduithe a roghnaíodh le cur sa tuarascáil raon leathan saincheistanna, lena n-áirítear iompar scoile, leithdháileadh tithíochta an údaráis áitiúil, tacaíochtaí do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu faoi chúram altrama, cúram speisialta, agus bás an linbh faoi chúram an Stáit.

Rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí tuarascáil bhreise a choimisiúnú in 2012 ar shampla d'imscrúduithe níos déanaí a rinne an Oifig. Tá an obair ar an dara tuarascáil ag céim chun cinn agus táthar ag súil go bhfoilseofar an t-iniúchadh go luath in 2013.

### **Rochtain ar nótaí teiripeacha**

Go luath in 2011, ardaíodh ábhair imní le hOifig an Ombudsman do Leanaí maidir le saincheist na rochtana ar nótaí teiripe a bhaineann le leanaí ar baineadh mí-úsáid ghnéasach astu, agus úsáid na faisnéise atá iontu i gcomhthéacs ionchúiseamh coiriúil. Chuir gairmithe leighis sinsearach a sholáthraíonn seirbhísí measúnaithe agus teiripeacha do leanaí ar baineadh mí-úsáid ghnéasach astu an tuairim in iúl go raibh scaoileadh na nótaí a rinneadh le linn na hoibre teiripí – ar leith ón bpróiseas measúnaithe – le cabhrú leis an ionchúiseamh fadhbach. Go háirithe, bhí imní ann más rud é nach féidir le cliniceoirí mothú príobháideachta, muiníne agus rúndachta a chur ar bun sa chaidreamh teiripeach, sa chás sin ní féidir leis na leanaí i gceist an riosca a ghlacadh agus dul i mbun teiripe.

Ardaíodh an cheist seo inár dTuarascáil Bhliantúil 2011, sa chás gur admhaíomar gur chuireamar ár n-imní maidir leis an gceist i dtuairisc chuig an Aire Dlí agus Cirt agus chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh

Poiblí agus cuireadh in iúl dúinn go raibh comhairliúcháin ar siúl idir an SIP, An Garda

Síochána agus an Roinn Dlí agus Cirt le réiteach ar an gceist seo a aimsiú. In 2012, d'ardaíomar freisin an tsaincheist leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, agus tá an-díomá orainn a fháil amach nach dtairgtear aon slándáil bhreise do leanaí a roinneann a dtráma le cliniceoirí chun an pian agus na héifeachtaí leithne a bhaineann le mí-úsáid ghnéasach a sháru. Is léir go bhfuil sé seo in éadan leas an linbh.

Ina theannta sin, iarradh ar an Aire Dlí agus Cirt go ndéanfar an t-ábhar a mheas i reachtaíocht phríomhúil. I gcomhfhreagras ina dhiaidh sin leis an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, athdhearbháodh an dearcadh seo, agus léiríodh go soláthródh reachtaíocht níos mó soiléireachta ar mhaithe le híospartaigh de mhí-úsáid a chosaint agus le hionchúisimh a thacú freisin.

### **Beartas Náisiúnta Toilithe an FSS**

D'iarr an FSS ar Oifig an Ombudsman do Leanaí ráiteas a dhéanamh ar a Dréacht-Bheartas Náisiúnta Toilithe i Meitheamh 2012. Is é is aidhm leis an doiciméad beartas amháin uileghabhálach a chur ar fáil le haghaidh toilithe i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta.

Chuir Oifig an Ombudsman do Leanaí fáilte roimh fhoilsiú an dréacht-bheartais, toisc go dtugtar soiléireacht ann do ghairmithe sláinte agus cúraim sóisialta i ndáil leis an tsaincheist ar thoilíú le hidirghabhálacha do dhaoine fásta agus do leanaí. Ina ráiteas ar an mbeartas, rinne Oifig an Ombudsman do Leanaí tagairt do:

- an inmhianaitheacht le beartas náisiúnta a fhorbairt maidir le cúram sláinte nach ndéanann dochar don leanbh, atá riachtanach do leanaí a gceart a bhaint amach ar an gcaighdeán is airde sláinte i gcomhréir le hAirteagal 24 den UNCRC;
- an tábhacht a bhaineann le Treoirlínte Chomhairle na hEorpa maidir le Cúram Sláinte nach ndéanann dochar don leanbh mar threoir d'fhorbairt bheartais san earnáil sláinte
- an diúltú ag daoine faoi 18 mbliana d'aois cóireáil nó idirghabhálacha cúraim sóisialta a bheith acu;
- cás na leanaí faoi chúram;
- na riachtanais ar leith de dhaoine óga teacht ar sheirbhísí sláinte mheabhrach; agus
- cosaintí do leanaí faoi mhíchumas.

### **Rannpháirteachas le líonraí agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

Is é ceann d'fheidhmeanna Oifig an Ombudsman do Leanaí atá leagtha amach in alt 7 den Acht 2002 comhoibriú le hOmbudsmana do Leanaí i stáit eile. In 2012, lean an OCO lena gníomhaíocht láidir agus ghníomhach le Líonra Eorpach na nOmbudsman do Leanaí (ENOC), chomh maith le Líonra Ombudsman na Breataine agus na hÉireann agus Coimisinéirí Leanaí (BINOCC). Bunaíodh an dá cheann de na líonraí seo chun malartú faisnéise agus dea-chleachtais a éascú idir institiúidí neamhspleácha cearta daonna náisiúnta a bhfuil sainordú acu cearta leanaí a chur chun cinn.

Bhí cruinnithe déthaobhacha ag Oifig an Ombudsman do Leanaí freisin le réimse eagraíochtaí idirnáisiúnta agus sealbhóirí oifige atá freagrach as cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear:

- An tIonadaí Speisialta OSCE agus Comhordaitheoir um Gháinneáil ar Dhaoine a Chomhrac, Maria Grazia Giammarinaro;
- Coimisinéir Chomhairle na hEorpa um Chearta an Duine, an tUas. Nils Muižnieks;
- Ionadaí Speisialta Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar Fhoréigean in Aghaidh Leanaí, an tUasal Marta Santos Pais;
- Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe, an tUas. António Guterres; agus
- An Dr Maria Herczog, comhalta Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh.





Ombudsman for Children  
Millennium House  
52-56 Great Strand Street  
Dublin 1.

Phone 01 865 6800  
Complaint line 1800 20 20 40  
Email [oco@oco.ie](mailto:oco@oco.ie)  
Web [www.oco.ie](http://www.oco.ie)

Ombudsman do Leanaí  
Teach na Mílaoise  
52-56 Sráid na Trá Mhór  
Baile Átha Cliath 1.

Guthán 01 865 6800  
Líne ghearáin 1800 20 20 40  
R-phost [oco@oco.ie](mailto:oco@oco.ie)  
Gréasán [www.oco.ie](http://www.oco.ie)